Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7955/25**

**TELECOM 112**
**COMPET 252**
**CYBER 95**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 165 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 165 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 165 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2025
COM(2025) 165 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga

GA GA

**Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga**

Tá an tAontas Eorpach diongbháilte agus tiomanta do bheith ina cheannaire domhanda san intleacht shaorga agus do bheith **ar thús cadhnaíochta mar Mhór-Roinn na hIntleachta Saorga**. Sa Teachtaireacht seo leagtar amach sraith gníomhaíochtaí uaillmhianacha chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá tús curtha le glacadh na hintleachta saorga i bpríomhearnálacha ár ngeilleagair, rud a chuidíonn le dul i ngleic le cuid de na dúshláin is práinní dár linne. Cé go bhfuil tionchar iomlán an aistrithe ó bhonn sin fós ag teacht chun solais, ní mór don Eoraip gníomhú le huaillmhian, luas agus fadbhreathnaitheacht chun todhchaí na hintleachta saorga a mhúnlú ar bhealach a fheabhsaíonn ár n-iomaíochas, a chosnaíonn ár luachanna daonlathacha agus a chuireann chun cinn iad, agus a chosnaíonn ár n-éagsúlacht chultúrtha. Intleacht shaorga atá iontaofa agus duinelárnach, is rud é sin atá ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus do chaomhnú na gceart agus na bprionsabal bunúsach is bonn lenár sochaithe. Is é an tosaíocht is mó gníomhaíocht beartais thapa a dhéanamh.

**Is i bhfad ó bheith thart atá an rás domhanda le haghaidh ceannaireachta san intleacht shaorga.** Bíonn teorainneacha an mhéid is féidir a bhaint amach á leathnú an t-am ar fad a bhuí le fionnachtana nua. Idir shamhlacha ilchuspóireacha ceannródaíocha agus fheidhmeanna speisialaithe na hintleachta saorga, tá timpeallacht na hintleachta saorga san Aontas fós dinimiciúil. Tá an timpeallacht sin bunaithe ar thaighde, ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar éiceachóras rathúil gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú.

Chun ár n-uaillmhianta i leith na hintleachta saorga a bhaint amach, beidh gá le ceannaireacht maidir lena forbairt agus maidir lena húsáid. Is éard a bheidh i gceist leis sin **infheistíocht leanúnach a dhéanamh i mbonneagar** (lena n-áirítear ríomhchumhacht agus líonraí ríomhaireachta), mar aon le dul chun cinn i bhforbairt samhlacha agus glacadh forleathan ar fud an gheilleagair. Is trí bheith ag obair le chéile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, agus trí sin amháin, a éireoidh linn san iarracht seo. Tá ról ag an earnáil phríobháideach agus ag an earnáil phoiblí araon i ndáil leis sin. Ní mór do ghnólachtaí a n-infheistíochtaí a uas-scálú agus glacadh leis an intleacht shaorga ina réimsí féin, agus ní mór don earnáil phoiblí feabhas a chur ar na cumais atá aici. Ba cheart tús áite a thabhairt d’earnálacha agus teicneolaíochtaí criticiúla sa soláthar poiblí Eorpach, mar a mholtar sa Chompás Iomaíochais[1].

Ní mór don Aontas **a chur chuige sainiúil féin i leith na hintleachta saorga** a bheith aige trí leas a bhaint as a chuid láidreachtaí agus buanna. San áireamh leis sin, tá: ar an gcéad dul síos, margadh aonair mór ina bhfuil sraith aonair rialacha sábháilteachta ar fud an Aontais, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga a glacadh le déanaí, rud a áiritheoidh go mbeidh an intleacht shaorga iontaofa agus ailínithe le luachanna an Aontais; ar an dara dul síos, an leas is fearr is féidir a bhaint as taighde ardcháilíochta an Aontais, as a acmhainneachtaí i réimse na heolaíochta, agus as an díorma substaintiúil eolaithe agus gairmithe oilte; ar an tríú dul síos, éiceachóras rathúil gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, mar aon le

[1] COM(2025) 30 final

saineolas agus fios gnó tionsclaíoch; agus, ar ndóigh, bunús láidir i gcumhacht ríomhaireachtúil den chéad scoth agus spásanna sonraí atá inrochtana do chách.

Go deimhin, tá torthaí an chur chuige Eorpaigh i leith **na nuálaíochta oscailte** le sonrú. Tá rochtain ag an bpobal ar ríomhchumhacht san Aontas trí líonra Eorpach na sár-ríomhairí ceannródaíocha arna gcur chun úsáide **ag an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach** (EuroHPC[2]). Cuireann an líonra timpeallacht oscailte ar fáil do nuálaithe agus d'eagraíochtaí taighde i réimse na hintleachta saorga ina bhféadann siad rochtain a fháil ar acmhainní ríomhaireachta chun oiliúint a chur ar shamhlacha agus iad a mhionchoigeartú, timpeallacht atá nasctha le spásanna sonraí ardcháilíochta agus a dhéanann rannpháirtíocht leathan i bhforbairt samhlacha ceannródaíocha a chumasú. Téann dul chun cinn i gcuir chuige foinsí oscailte chun tairbhe d'fhorbairt na samhlacha IS san Aontas. Spreagann na cuir chuige sin comhroinnt eolais, fágann siad gur féidir comhar a dhéanamh, éascaíonn siad comhtháthú i bhfeidhmeanna sonracha agus méadaíonn siad trédhearcacht.

Sa chomhthéacs sin, ní haon ionadh é go bhfuil borradh san Aontas faoi éiceachóras na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú i réimse na hintleachta saorga. Is léiriú air sin na hinfheistíochtaí méadaithe agus an líon méadaitheach aonbheannach sa réimse sin le blianta beaga anuas. Tá níos mó ná 6 800 gnólacht IS nuathionscanta lonnaithe san Aontas[3]. Tá an **pobal bríomhar seo de nuálaithe agus de ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha i réimse na hintleachta saorga** ag brú teorainn na samhlacha IS chun cinn chomh maith lena n-úsáid i bhfeidhmeanna tionscal-sonracha. Ach ní mór tuilleadh a dhéanamh fós. Ní mór don Aontas a áirithiú go mbeidh an méid is gá ag gnólachtaí nuathionscanta, ag an earnáil tionsclaíochta, ag an earnáil phoiblí agus ag eolaithe i gcoitinne chun tairbhe a bhaint as féidearthachtaí na hintleachta saorga. Áirítear leis sin slabhraí luacha slána a áirithiú mar aon le hathléimneacht na slabhraí agus athléimneacht Mhargadh Aonair an Aontais, rud a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis d'iomaíochas an Aontais agus dá nuálaíocht amach anseo sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair.

Chun Mór-Roinn na hIntleachta Saorga a dhéanamh den Aontas, ní mór **dlús a chur lenár n-iarrachtaí agus iad a threisiú i gcúig phríomhréimse**.

<u>Ar an gcéad dul síos</u>, **bonneagar ríomhaireachta**: Ní mór bonneagar poiblí IS an Aontais a uas-scálú ionas gur féidir le nuálaithe agus le taighdeoirí oiliúint a chur ar shamhlacha IS teorann agus iad a mhionchoigeartú. Áirítear leis sin **líonra na Monarchana IS** a neartú – monarchana atá á seoladh chun acmhainneacht ríomhaireachta níos fearr a chur ar fáil don intleacht shaorga agus do sheirbhísí gaolmhara – agus **Gigeamhonarchana atá tíosach ar acmhainní** a bhunú, rud a dhéanfaidh ríomhchumhacht ollmhór a chomhtháthú i lárionaid sonraí. Is í an uaillmhian is bonn le CERN atá mar inspioráid do na Gigeamhonarchana sin;

[2] Seoladh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC) in 2018 arna chomhchistiú ag an Aontas, ag na Ballstáit agus ag gníomhaithe príobháideacha. I measc na sár-ríomhairí is suntasaí atá ag EuroHPC, tá LUMI (rangaithe ag #8 ar domhan), Leonardo (#9), agus MareNostrum 5 (#11), ar sár-ríomhairí iad a fheabhsaíonn cumais ríomhaireachtúla na hEorpa i dteannta a chéile. Síníodh an conradh soláthair le haghaidh JUPITER, an chéad sár-ríomhaire eicsea-scála a bheidh ag EuroHPC.

[3] https://www.appliedai-institute.de/en/hub/2024-generative-ai-study

cothóidh siad comhar eolaíoch faoi chuimsiú bonneagair chumhachtacha uathúla agus tabharfaidh siad taighdeoirí, fiontraithe agus infheisteoirí le chéile chun dul i ngleic le tionscadail uaillmhianacha réamhbhreathnaitheacha – 'misin ghealaí' – i réimsí amhail cúram sláinte, bith-theicneolaíocht, tionsclaíocht, róbataic agus fionnachtain eolaíoch. Den mheon sin, d'fhéadfadh an Chomhairle Eorpach um Thaighde ar an Intleacht Shaorga (Acmhainn le haghaidh Eolaíocht IS san Eoraip – RAISE) acmhainní a chomhthiomsú le haghaidh eolaithe IS agus eolaithe fearainn a chuireann an intleacht shaorga i bhfeidhm ar fud an Aontais. I gcomhthráth leis sin, ní mór infheistíocht na hearnála príobháidí in acmhainneacht néalríomhaireachta agus i lárionaid sonraí inbhuanaithe a éascú agus a uas-scálú.

<u>Ar an dara dul síos</u>, ní mór dúinn gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun tuilleadh rochtana **ar shonraí ardcháilíochta** a áirithiú do nuálaithe IS. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, oibreoidh an tAontas i dtreo straitéis thiomnaithe um Aontas Sonraí agus déanfaidh sé, i measc bearta eile, forbairt Saotharlanna Sonraí mar chomhchodanna lárnacha de na Monarchana IS a fhiosrú ionas go bhféadfar sonraí ardcháilíochta a sholáthar, a chomhthiomsú agus a chomhroinnt ar bhealach slán.

<u>Ar an tríú dul síos</u>, ní mór dúinn **forbairt bhreise na n-algartam IS** a spreagadh agus **an leas is fearr is féidir a bhaint as glacadh na n-algartam sin in earnálacha straitéiseacha an Aontais**. Leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga atá ar na bacáin, seolfar gníomhaíochtaí coincréiteacha chun borradh a chur faoi úsáidí nua na hintleachta saorga i réimse na tionsclaíochta agus na heolaíochta agus chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí. Déanfar na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha a athdhíriú chun tacú le glacadh na hintleachta saorga ag FBManna, ag cuideachtaí meánchaipitlithe agus ag údaráis riaracháin phoiblí, agus tacóidh cláir chistiúcháin Eorpacha le tuilleadh dul chun cinn teicneolaíoch in earnálacha straitéiseacha sna 3 bliana amach romhainn.

<u>Ar an gceathrú dul síos</u>, is acmhainn mhór í **linn tallainne láidir** an Aontais a mhéid a bhaineann leis **an intleacht shaorga**. Ní mór dúinn scileanna IS a threisiú ar fud an Aontais, lena n-áirítear litearthacht IS bhunúsach agus éagsúlacht tallainne, trí na bearnaí atá ann cheana a líonadh, trí bharr feabhais a fhorbairt a thuilleadh san oideachas, san oiliúint agus sa taighde i réimse na hintleachta saorga, trí níos mó ban a mhealladh i dtreo na hintleachta saorga, trí fheasacht ar an intleacht shaorga a mhúscailt i measc na sochaí i gcoitinne agus i measc údaráis riaracháin phoiblí, agus trí thallann IS ó lasmuigh den Aontas a mhealladh agus a choinneáil. Mar cheannaire domhanda i dtaighde eolaíoch atá neamhspleách, is ceann scríbe tarraingteach é an tAontas agus ní mór dó a bheith oscailte i gcónaí do thallann ó gach cearn den domhan.

<u>Ar an gcúigiú dul síos</u>, is acmhainn nach beag é margadh aonair mór an Aontais a bhfuil sraith amháin rialacha soiléire i bhfeidhm ann, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga, lena ndéantar ilroinnt an mhargaidh a chosc agus lena bhfeabhsaítear slándáil na dteicneolaíochtaí IS agus an mhuinín a chuirtear iontu. Mar sin féin, is gá **éascú a dhéanamh ar chomhlíonadh** an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, go háirithe i gcás nuálaithe beaga.

Is iad sin na colúin is gá chun Mór-Roinn na hIntleachta Saorga a dhéanamh den Eoraip. Leag Uachtarán an Choimisiúin an fhís sin amach ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Gníomhaíocht

i leith na hIntleachta Saorga i bPáras[4] i mí Feabhra 2025 nuair a d'fhógair sí **InvestAI**, tionscnamh chun EUR 200 billiún a shlógadh le haghaidh infheistíocht san intleacht shaorga i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Chompáis Iomaíochais.




**1. Bonneagair mhórscála um shonraí agus ríomhaireacht IS a thógáil ar fud na hEorpa le haghaidh éiceachóras na hintleachta saorga**

Tá bonneagar – go háirithe ríomhchumhacht – ríthábhachtach i bhforbairt na samhlacha IS **le linn shaolré na hintleachta saorga**, mar a leanas: *oiliúint*, nuair a bhíonn an tsamhail ag foghlaim ó mhéideanna ollmhóra sonraí agus nuair a bhíonn acmhainní ollmhóra ríomhaireachtúla ag teastáil uaithi, agus ar minic í ag brath ar phróiseálaithe IS ardfhorbartha ardfheidhmíochta; *mionchoigeartú*, nuair a dhéantar í a bharrfheabhsú le haghaidh feidhmeanna sonracha; *tástáil*, nuair a dhéantar an tsamhail a thástáil chun a feidhmíocht a mheasúnú, tar éis di a bheith oilte agus bailíochtaithe; agus *tátal agus cur chun úsáide*, nuair a dhéantar aschur na samhla a chomhtháthú i bhfeidhmeanna an fhíorshaoil. Tá sé tábhachtach fáil a bheith ar acmhainní ríomhaireachta cumhachtacha chun tallann acadúil, theicniúil agus thionsclaíoch a mhealladh agus tá sin fíor-riachtanach chun éiceachóras na hintleachta saorga a fheabhsú freisin. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go n-oibreodh an tAontas agus na Ballstáit le chéile chun soláthar leordhóthanach cumhachta ríomhaireachtúla a áirithiú ar fud Mhór-Roinn na hIntleachta Saorga, lena n-áirítear a bheith ag dul i gcomhar le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha freisin.

[4] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/speech_25_471

### 1.1 Monarchana IS a chur chun úsáide agus a uas-scálú

Tá líonra sár-ríomhairí EuroHPC á neartú ag an Aontas le déanaí tríd an **tionscnamh um Monarchana IS**, mar a fógraíodh **i bPacáiste Nuálaíochta IS** 2024[5]. Is éiceachórais dhinimiciúla iad na Monarchana IS a chothaíonn an nuálaíocht, an comhar agus an fhorbairt i réimse na hintleachta saorga. Comhtháthaíonn siad sár-ríomhairí IS-bharrfheabhsaithe, acmhainní móra sonraí, saoráidí ríomhchlárúcháin agus oiliúna, agus caipiteal daonna chun samhlacha agus feidhmeanna IS ceannródaíocha a chruthú. Trí lárionaid sár-ríomhaireachta, ollscoileanna, gnólachtaí nuathionscanta, an earnáil tionsclaíochta, an earnáil phoiblí agus páirtithe leasmhara airgeadais a nascadh le chéile, cuirfidh Monarchana IS feabhas ar an gcomhar i réimse na hintleachta saorga ar fud na hEorpa. Spreagfaidh siad dul chun cinn i bhfeidhmeanna na hintleachta saorga i réimsí éagsúla. Thairis sin, feabhsóidh na Monarchana IS rochtain ar shonraí ardcháilíochta trí nascadh le stórtha sonraí náisiúnta móra, le Spásanna Sonraí an Aontais agus le saotharlanna sonraí tiomnaithe (féach roinn 2).

Bhí **rath** mór ar an tionscnamh um Monarchana IS, rud a léiríonn **tiomantas agus tacaíocht láidir na mBallstát**. Tar éis spriocdháta an chéad ghlao le haghaidh Monarchana IS an 1 Samhain 2024, roghnaíodh seacht gcuibhreannas – lena gcuimsítear15 Bhallstát[6] agus dhá stát chomhlachaithe atá rannpháirteach in EuroHPC[7] – chun na chéad Mhonarchana IS a óstáil. Roghnaíodh sé Mhonarchana IS breise i mí an Mhárta 2025[8] agus an tionscnamh ag dul ó neart go neart. Le 13 Mhonarcha IS san iomlán i 17 mBallstát agus in dhá stát atá rannpháirteach in EuroHPC, sroichfidh infheistíochtaí foriomlána i mbonneagair shár-ríomhaireachta agus i Monarchana IS san Aontas EUR 10 mbilliún i gcaitheamh na tréimhse 2021-2027. Sa chomhthéacs sin, déanfar **naoi sár-ríomhaire IS-bharrfheabhsaithe nua a sholáthar agus a chur chun úsáide ar fud an Aontais in 2025/26, agus déanfar sár-ríomhaire atá ann cheana a uasghrádú ionas go mbeidh cumais IS aige**[9]. Déanfaidh sé sin an acmhainneacht ríomhaireachta IS atá ag EuroHPC faoi láthair a mhéadú faoi os cionn trí.
Baineann láidreachtaí uathúla agus sainréimsí fócais leis na Monarchana IS agus tá ról lárnach acu maidir le feidhmeanna na hintleachta saorga a chur chun cinn ó earnáil straitéiseach go chéile mar a leanas:

[5] Pacáiste Nuálaíochta IS
[6]https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_24_6302
[7]Tíortha nach Ballstáit den Aontas iad atá rannpháirteach i gComhghnóthas EuroHPC, i.e. an Íoslainn, Iosrael, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an tSeirbia, an Tuirc, an Ríocht Aontaithe agus, go luath, an Eilvéis:
Faigh amach faoi Chomhghnóthas EuroHPC – Comhghnóthas EuroHPC
[8] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/second-wave-ai-factories-set-drive-eu-wide-innovation#:~:text=This%20follows%20the%20first%20selection,of%20around%20%E2%82%AC485%20million.
[9] Féach na sonraí in Iarscríbhinn I.

| Key Sectors | AT | BG | DE | EL | ES | FI | FR | IT | LU | PL | SE | SI |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Health & Life Sciences | ● |  | ● | ● | ● | ● | ● | ● |  | ● | ● | ● |
| Technology & Digital |  | ● |  | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Environment & Sustainability |  | ● | ● | ● | ● |  | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Education & Culture | ● | ● | ● | ● | ● |  | ● | ● |  |  | ● | ● |
| Manufacturing & Engineering | ● | ● | ● |  |  | ● | ● |  |  |  | ● | ● |
| Finance & Business | ● |  | ● |  | ● |  | ● | ● | ● |  | ● |  |
| Agriculture & Food | ● |  |  |  | ● |  | ● | ● |  |  | ● | ● |
| Cybersecurity & Dual use |  |  |  |  |  |  | ● | ● | ● |  |  |  |
| Space & Aerospace |  | ● |  |  |  |  | ● |  | ● | ● |  |  |
| Public Sector | ● |  | ● |  | ● |  |  |  |  | ● |  |  |

San áireamh in Iarscríbhinn I tá achoimre ar na 13 Mhonarcha IS EuroHPC a roghnaíodh.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar spéis agus ar mhuinín na mBallstát, agus tá tuilleadh tíortha ag cur in iúl go bhfuil siad toilteanach páirt a ghlacadh sa tríú glao atá ar siúl faoi láthair agus a dhúnfar i R2 2025, rud a chuireann i dtábhacht rath an tionscnaimh agus an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis do thodhchaí IS na hEorpa.

Ina theannta sin, is féidir leis na stáit rannpháirteacha **Aeróga na Monarchana IS** a bhunú chun tacú le seirbhísí dá n-éiceachóras náisiúnta IS/ríomhaireachta ardfheidhmíochta gan gá le bonneagar sár-ríomhaire tiomnaithe a bheith acu. Soláthróidh Aeróga na Monarchana IS cianrochtain ar na hacmhainní sár-ríomhaireachta IS-bharrfheabhsaithe atá ag an Monarcha IS nasctha, agus an mhonarcha sin lonnaithe i mBallstát eile.

Faoi dheireadh 2025, beidh gach Monarcha IS agus gach Aeróg Monarcha IS roghnaithe ag feidhmiú go hiomlán, beidh siad líonraithe le chéile agus beidh siad nasctha le mórthionscnaimh tacaíochta IS eile amhail na Saoráidí Tástála Agus Turgnamhaíochta IS[10], lena gcuirtear acmhainní tiomnaithe ar fáil chun réitigh IS a thástáil, sin agus Líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach.

**Feidhmeoidh Comhghnóthas EuroHPC mar phointe iontrála aonair d'úsáideoirí ar fud an Aontais agus soláthróidh sé rochtain ar am ríomhaireachta agus ar sheirbhísí tacaíochta arna gcur ar fáil ag aon Mhonarcha IS de chuid EuroHPC.** Tá na Monarchana IS oscailte d'úsáideoirí Eorpacha[11] ó earnálacha éagsúla, lena n-áirítear an earnáil tionsclaíochta, an earnáil taighde, an earnáil acadúil agus údaráis phoiblí. **Tabharfaidh modhanna rochtana saincheaptha nua tús áite do nuálaithe IS – gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú, FBManna – agus do thionscadail taighde roghnaithe arna gcistiú ag an Aontas**, rud a áiritheoidh rochtain thapa chuíchóirithe ar acmhainní ríomhaireachta leis an bhforchostas riaracháin is lú. Tá sé beartaithe ag Bord Rialúcháin **Chomhghnóthas EuroHPC** an beartas rochtana sin a ghlacadh i gcomhthráth le foilsiú na Teachtaireachta seo. I gcomhréir lenár **Straitéis um Aontas na hUllmhachta** agus lenár **Straitéis Slándála Inmheánaí**, áirítear forálacha maidir le leithdháileadh díreach an ama


[10] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/testing-and-experimentation-facilities

[11] Ar úsáideoirí iad atá bunaithe nó lonnaithe i mBallstát den Aontas Eorpach, i stát rannpháirteach nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár don Eoraip Dhigiteach nó le Fís Eorpach.

rochtana ar thionscadail straitéiseacha de chuid an Aontais[12] mar aon le forálacha maidir le cásanna éigeandála agus bainistithe géarchéime.

<u>Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin/EuroHPC:</u>

- Monarchana IS roghnaithe agus a gcuid seirbhísí a chur ar bun agus a chur chun úsáide (R2 2025);
- Pointe iontrála aonair a chur ar bun do gach úsáideoir ar fud na hEorpa chun rochtain a fháil ar Mhonarchana IS agus ar a gcuid seirbhísí (R2 2025);
- Soláthar na chéad sár-ríomhairí IS-bharrfheabhsaithe lena n-úsáid i monarcha a sheoladh (R2/R3 2025);
- An glao ar thograí a sheoladh chun Aeróga na Monarchana IS a bhunú (R2 2025);
- Glao a sheoladh chun líonrú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí uile na Monarchana IS agus ar ghníomhaíochtaí uile Aeróga na Monarchana IS (R2 2025).




[12] Destination Earth, an tionscnamh suaitheanta Human Brain, na hionaid barr feabhais sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta nó an tionscnamh 'Níos mó ná aon mhilliún géanóm'.

**1.2 Infheistíocht a dhéanamh i nGigeamhonarchana IS**

Cé go bhfuil samhlacha IS níos éifeachtúla anois mar gheall ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le teicnící oiliúna agus barrfheabhsú ailtireachta, tá gá le méideanna ollmhóra acmhainneachta ríomhaireachta agus sonraí fós chun samhlacha IS teorann a shaothrú.

**Tá samhlacha IS ag éirí níos casta le 2 bhliain anuas: is próiseáil téacs a bhí ar siúl acu ag an tús ach forbraíodh iad sa chaoi go bhfuil réasúnaíocht, cumais ilmhódacha agus iompraíocht ghníomhach i gceist leo anois**. Leanfaidh an treocht sin ar aghaidh. Meastar go n-éireoidh leis an gcéad ghlúin eile de shamhlacha IS teorann céim mhór chun tosaigh a bhaint amach ó thaobh cumas de, céim i dtreo na hIntleachta Ginearálta Saorga, rud atá in ann dul i ngleic le cúraimí éagsúla an-chasta agus atá ar an leibhéal céanna le cumais an duine.

Faoi láthair, na sár-ríomhairí is feidhmiúla atá ag na Monarchana IS, ríomhairí arna bhfeistiú le suas le 25 000 próiseálaí IS ardfhorbartha, tá ról fíor-riachtanach acu maidir leis an nglúin samhlacha IS atá ann faoi láthair a fhorbairt agus oiliúint a chur orthu. Chun bheith ar thús cadhnaíochta sa chéad rabharta eile de shamhlacha IS ardfhorbartha, tá gá le i bhfad níos mó ríomhchumhachta agus sonraí. Mar a fógraíodh sa Chompás Iomaíochais, déanfaidh an tAontas **infheistíocht i nGigeamhonarchana IS**.

**Saoráidí mórscála** a bheidh sa Ghigeamhonarchana IS **a fhorbróidh samhlacha IS casta agus a chuirfidh oiliúint orthu ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo**, agus na céadta trilliún paraiméadar ann. Comhtháthóidh siad ríomhchumhacht ollmhór – **níos mó ná 100 000 próiseálaí IS ardfhorbartha** – agus toilleadh cumhachta, fuinneamh, éifeachtúlacht uisce, agus ciorclaíocht á gcur san áireamh san am céanna. Tá na saoráidí sin fíor-riachtanach don Eoraip chun dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda agus chun a huathriail straitéiseach a choinneáil ar bun maidir le dul chun cinn eolaíoch agus maidir le hearnálacha tionsclaíocha criticiúla. Beidh siad cónasctha le líonra EuroHPC na Monarchana IS, rud a áiritheoidh comhtháthú rianúil agus comhroinnt eolais ar fud éiceachóras IS na hEorpa. Leis sin, ba cheart dearadh próiseálaithe IS san Eoraip – agus monaraíocht na bpróiseálaithe sin in am trátha – a spreagadh freisin. Léirigh géarchéim COVID agus na forbairtí geopholaitiúla is déanaí[13] a thábhachtaí atá sé go mbeadh an Eoraip in ann brath ar shlabhraí luacha slána athléimneacha agus ar mhargadh aonair láidir. Tá rún daingean ag an Aontas ilroinnt a mhargaidh aonair a sheachaint, feabhas a chur ar na cumais atá aige spleáchais ar theicneolaíochtaí criticiúla a laghdú, agus ceannasacht i leathsheoltóirí ceannródaíocha a neartú[14]. Cé go bhfuil tús curtha le gníomhaíochtaí sa réimse sin cheana féin faoin

[13] Ráiteas Comhpháirteach ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Henna Virkkunen agus ón gCoimisinéir Maroš Šefčovič https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/statement_25_255

[14] Sheol EuroHPC an tionscnamh DARE a bhfuil buiséad EUR 240 milliún aige chun éiceachóras iomlán ríomhaireachta ardfheidhmíochta a fhorbairt, éiceachóras a bheidh bunaithe ar phróiseálaithe oscailte RISC-V (próiseálaithe cuspóra ghinearálta agus luasairí, lena n-áirítear sliseanna IS-shonracha) agus ar a gcomhtháthú i sár-ríomhairí Eorpacha eicsea-scála agus iar-eicsea-scála. Leis an tionscnamh sin, neartófar ceannasacht theicneolaíoch straitéiseach an Aontais agus cruthófar teicneolaíocht iomaíoch ríomhaireachta ardfheidhmíochta chun sár-ríomhairí Eorpacha a bheidh ann amach anseo a chumhachtú. Beidh tionchar criticiúil aige i réimsí eile amhail an intleacht shaorga, an néalríomhaireacht agus lárionaid sonraí, nó mótarfheithiclí.

gComhghnóthas um Shliseanna agus faoi Chomhghnóthas EuroHPC, ba cheart an méid sin a bheith ina phríomhthosaíocht don athbhreithniú ar an nGníomh um Shliseanna a mbeidh sé d'aidhm aige uathriail straitéiseach a áirithiú i ndearadh agus i dtáirgeadh na leathsheoltóirí IS. Cuirfidh an Coimisiún dlús leis an obair ullmhúcháin d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an nGníomh um Shliseanna in 2026. Ba cheart ardéifeachtúlacht agus ardslándáil fuinnimh a bheith i measc na bpríomhcheanglas le haghaidh sliseanna IS Eorpacha.

**Meastar go mbeidh gá le hinfheistíochtaí móra chun Gigeamhonarcha IS aonair a bhunú**, lena gcuimsítear caiteachais chaipitiúla agus speansais oibríochtúla araon. I bhfianaise ollmhéid na hinfheistíochta is gá, cuirfear na Gigeamhonarchana IS sin chun feidhme **trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí** agus trí shásraí nuálacha cistiúcháin. I ndáil leis an méid sin, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Gníomhaíocht i leith na hIntleachta Saorga i bPáras[15] seoladh na Saoráide **InvestAI** d'fhonn infheistíocht EUR 20 billiún a shlógadh le haghaidh bonneagar IS, rud atá dírithe ar suas le 5 Ghigeamhonarchana IS ar fud an Aontais go háirithe. Is é is aidhm don tsaoráid, atá le forbairt i gcomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), infheistíocht phríobháideach a éascú agus a phlódú isteach, in éineacht le deontais agus ráthaíochtaí arna soláthar ag buiséad an Aontais agus ag na Ballstáit. Ina theannta sin, thathantaigh an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar na réigiúin feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d'acmhainneachtaí digiteacha amhail an intleacht shaorga, an néalríomhaireacht agus na gigeamhonarchana, i gcomhthéacs a athbhreithnithe mheántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe[16].

Mar shampla, faoi chuimsiú comhpháirtíochta príobháidí poiblí den sórt sin, **ranníocfadh an tAontas agus na Ballstáit deontais dhíreacha** i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, bheadh togróirí príobháideacha freagrach as an méid atá fágtha a mhaoiniú agus d'fhéadfaí an riosca infheistíochta a laghdú tríd an tSaoráid InvestEU. D'fhéadfadh sé freisin go n-éireoidh na gigeamhonarchana IS sin ina n-ardán chun rannpháirtíocht infheisteoirí airgeadais idirnáisiúnta móra a mhealladh.

Chun na chéad ghigeamhonarcha IS riamh a bhunú ar chríoch na hEorpa, beidh gá le hiarracht mhór i dtaobh infheistíochta agus comhordú beartais, le breisluach soiléir d'iomaíochas an Aontais. Dá bhrí sin, feidhmeoidh na gigeamhonarchana IS mar cheann de chásanna píolótacha na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais a fógraíodh sa Chompás Iomaíochais.

I gcomhréir leis an bhfís sin:

**- seoltar glao ar léiriú spéise do chuibhreannais ar spéis leo Gigeamhonarchana IS a chur ar bun in éineacht le glacadh an Phlean Gníomhaíochta seo.** Is é an aidhm atá ann dul i mbun idirphlé le togróirí aonair. Áireofar san idirphlé an chomhpháirtíocht, an buiséad atá beartaithe, an suíomh geografach, feidhmíocht ríomhaireachta, sonraíochtaí teicniúla agus breithnithe inbhuanaitheachta mar aon le hanailís indéantachta ar an nGigeamhonarcha IS.

[15] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/speech_25_471
[16] Teachtaireacht maidir le beartas comhtháthaithe nuachóirithe: an t-athbhreithniú meántéarma [1.4.2025 (COM(2025) 163]

- Tar éis thoradh an phlé sna réamhghlaonna spéise le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit, an earnáil tionsclaíochta agus institiúidí airgeadais, **foilseoidh Comhghnóthas EuroHPC an glao oifigiúil ar bhunú na Gigeamhonarchana IS i R4 2025**.

Chun teorainn na samhlacha IS a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear i dtreo na hIntleachta Ginearálta Saorga, is gá uas-scálú cuideachtaí a éascú freisin. **Chun infheistíocht chaipitil shubstaintiúil a phlódú isteach ar mhaithe le samhlacha IS nua a fhorbairt**, d'fhéadfadh cistí infheistíochta a theacht isteach, mar shampla iad siúd a fhaigheann tacaíocht trí Chiste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, tríd an gCiste um Uas-scálú TechEU atá beartaithe[17], trí Thionscnamh um Sheaimpíní Teicneolaíochta Eorpacha Ghrúpa BEI nó trí ráthaíocht InvestEU. Anuas air sin, d'fhéadfadh soláthar poiblí an Aontais, a bhfuil os cionn 15 % dár OTI i gceist leis[18], margadh ollmhór a chruthú le haghaidh táirgí agus seirbhísí nuálacha. Sa chomhthéacs sin, fógraíodh sa Chompás Iomaíochais **go dtabharfaí tús áite d'earnálacha agus teicneolaíochtaí criticiúla sa soláthar poiblí Eorpach** i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar rialacha an Aontais.

Déanfaidh **Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú** a d'fhógair an Coimisiún Eorpach sa Chompás Iomaíochais réitigh thiomnaithe a fhiosrú atá dírithe ar éascaíocht a dhéanamh ar an rochtain atá ag gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ag gnólachtaí nuálacha atá ag méadú ar mhaoiniú, soláthar poiblí, margaí, seirbhísí agus tallann.

<u>Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin/EuroHPC:</u>

- Glao ar léiriú spéise a eisiúint chun infheistíocht a dhéanamh i nGigeamhonarchana IS (an 9 Aibreán 2025);
- An tSaoráid InvestEU a shainiú le Grúpa BEI (R3/R4 2025);
- An glao oifigiúil ar Ghigeamhonarchana IS a sheoladh faoi Chomhghnóthas EuroHPC (R4 2025);
- Aghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoiniúcháin na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú, sin agus a rochtain ar mhargaí, soláthar poiblí, seirbhísí agus tallann a éascú i Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú (R2 2025).

### 1.3 An creat tacaíochta a bhunú chun borradh a chur faoi acmhainneacht an Aontais maidir le néalríomhaireacht agus lárionaid sonraí

Tá ionstraimí breise de dhíth ar an Aontas freisin chun é a chur ar a cumas don earnáil phríobháideach bearnaí acmhainneachta eile a dhúnadh feadh an chontanaim ríomhaireachta, ar bearnaí iad a dhéanann difear do gach céim de shaolré samhla IS, ón bhforbairt agus

[17] Ón gCompás Iomaíochais: 'chun cuidiú leis an mbearna mhaoiniúcháin a dhúnadh chun tacú leis an nuálaíocht shuaiteach, chun acmhainneacht thionsclaíoch na hEorpa a neartú agus chun cuideachtaí na hEorpa atá ag méadú a neartú'

[18] Rochtain ar sholáthar poiblí | Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh agus an Iomaíochais

mionchoigeartú go cur chun úsáide agus úsáid fíor-ama. Áirítear ar na bearnaí sin go háirithe: **acmhainneacht néalríomhaireachta ghinearálta** a thagann ó lárionaid sonraí mhóra de ghnáth; agus **acmhainneacht imeall-ríomhaireachta** a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla ach a bhfuil aga freagartha (aga folaigh) i bhfad níos ísle aici, mar a bhíonn i dtimpeallacht teileachumarsáide (imeall teileachumarsáide)[19]. I ndáil leis an intleacht shaorga, is príomhchumasóirí iad an néalríomhaireacht agus an imeall-ríomhaireacht i gcás oibríochtaí mionchoigeartaithe beaga, go háirithe iad siúd a chuireann samhlacha IS réamhoilte in oiriúint do chúraimí sonracha agus úsáid á baint as tacair sonraí níos lú, agus i gcás tátail, is é sin forghníomhú samhlacha IS oilte chun aschuir a ghiniúint ó shonraí nua.

Faoi láthair tá an tAontas chun deiridh ar na Stáit Aontaithe agus ar an tSín i dtéarmaí na hacmhainneachta atá ar fáil sna lárionad sonraí, agus é ag brath go mór ar bhonneagar atá suiteáilte i réigiúin eile den domhan agus a rialaítear ó na réigiúin sin, bonneagar a bhfuil rochtain ag úsáideoirí an Aontais air tríd an néal. Cé go bhfuil rochtain ar néalseirbhísí nuálacha inacmhainne fíorthábhachtach d'iomaíochas an Aontais, **d'fhéadfadh rioscaí slándála eacnamaíocha a bheith ag baint le spleáchas iomarcach ar bhonneagar neamh-AE, rud is ábhar imní** d'earnáil tionsclaíochta na hEorpa, do phríomhearnálacha eacnamaíocha agus d'údaráis riaracháin phoiblí. Chun freastal ar shlí leormhaith ar riachtanais IS agus ar riachtanais ríomhaireachta ghinearálta na ngnólachtaí agus na n-údarás riaracháin phoiblí fud fad an Aontais, sin agus chun iomaíochas agus ceannasacht a áirithiú, tá sé **fíor-riachtanach don Aontas an acmhainneacht atá aige faoi láthair maidir le néalríomhaireacht agus lárionaid sonraí a mhéadú** ar bhealach atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de.

**Leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga**, cruthófar na dálaí cearta don Aontas infheistíochtaí móra in acmhainneacht néalríomhaireachta agus imeall-ríomhaireachta a dhreasú. Sa lá atá inniu ann, is minic go nglacann sé níos mó ná 48 mí, ar an meán, cead agus na húdaruithe comhshaoil gaolmhara a fháil chun lárionad sonraí a thógáil san Eoraip. Bíonn deacrachtaí ag tionscal na lárionad sonraí suíomhanna oiriúnacha a shainaithint agus rochtain a fháil ar fhuinneamh leordhóthanach chun na saoráidí a chumhachtú. Leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, tabharfar aghaidh ar na bacainní sin **d'fhonn acmhainneacht an Aontais maidir le lárionaid sonraí a mhéadú faoi thrí ar a laghad sna 5 go 7 mbliana atá le teacht agus d'fhonn é a thabhairt chuig leibhéal a fhreastalóidh ar riachtanais ghnólachtaí agus údaráis riaracháin phoiblí an Aontais faoi 2035**. Chuige sin, maidir le tionscadail um lárionaid sonraí a chomhlíonann na ceanglais a bhaineann le héifeachtúlacht acmhainní, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus uisce, ciorclaíocht, agus ceanglais a bhaineann leis an nuálaíocht, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go dtairbheoidh siad de cheadú simplithe, agus coimircí comhshaoil á gcoinneáil ar bun agus sláinte an duine á gcosaint san am céanna, sin agus de bhearta tacaíochta poiblí eile i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

[19] Déanann an téarma 'imeall teileachumarsáide' cur síos ar thimpeallachtaí imeall-ríomhaireachta arna gcur ar fáil ag oibreoirí teileachumarsáide mar sheirbhís do thríú páirtithe. Is iad sin na tairiscintí imeall-ríomhaireachta is suntasaí sa lá atá inniu ann. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach: https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/library/white-paper-how-master-europes-digital-infrastructure-needs.

Tá dúshláin thábhachtacha ag baint le lárionaid sonraí nua a chur leis an eangach, go háirithe i dtéarmaí na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar thomhaltas, ar thomhaltóirí fuinnimh eile, ar líonraí agus ar an dícharbónú. Sa **treochlár straitéiseach um dhigitiú agus intleacht shaorga in earnáil an fhuinnimh**, molfar bearta chun comhtháthú inbhuanaithe na lárionad sonraí sa chóras fuinnimh a éascú agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna eile a bhaineann le fuinneamh a eascraíonn as cur chun úsáide mórscála na lárionad sonraí san Aontas, amhail barrfheabhsú na n-eangach leictreachais, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus sa tionsclaíocht, agus solúbthacht ó thaobh an éilimh de. Ar an gcaoi chéanna, sa **Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce** atá ar na bacáin, breathnófar ar lorg uisce na suiteálacha sin a laghdú agus ar a gciorclaíocht a mhéadú trí athúsáid uisce, éifeachtúlacht agus fuarú tirim.

**I gcásanna úsáide an-chriticiúil, lena n-áirítear feidhmeanna na hintleachta saorga, ceannasacht agus neamhspleáchas oibríochtúil, tá gá le hacmhainneacht néalríomhaireachta ardslándála atá bunaithe san Aontas.** Leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga, áiritheofar go bhféadfaidh an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach san Aontas brath ar acmhainneacht den sórt sin le haghaidh cásanna úsáide an-chriticiúil, agus ar an gcaoi sin, leagfar síos an bonn le haghaidh ghlacadh na hintleachta saorga ag an earnáil phoiblí i dtimpeallacht muiníne. Ar bhonn níos ginearálta, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as forálacha an Ghnímh um Shonraí atá ann cheana maidir le malartú néalríomhaireachta, leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga féachfar **ar mhargadh coiteann AE a bhunú le haghaidh acmhainneacht agus seirbhísí néalríomhaireachta** chun ligean do ghrúpa níos éagsúla soláthraithe néalseirbhísí teacht isteach sa mhargadh.

Iarrann an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a dtuairimí a roinnt **maidir leis an nGníomh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga** mar chuid de chomhairliúchán poiblí atá á sheoladh in éineacht leis an bPlean Gníomhaíochta seo.

Beidh gníomhaíochtaí an Choimisiúin sa réimse sin ag comhlánú iarrachtaí na mBallstát. Mar chuid de na hiarrachtaí sin, tá dhá thionscadal thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne á ndearadh sa réimse sin, ar tionscadail nua iad a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Díríonn tionscnamh amháin ar thaighde 'thar an úrscothacht' a chur chun cinn mar aon leis an gcéad chur chun úsáide tionsclaíoch maidir le réitigh i gcontanam seirbhísí IS cónasctha dáilte. Tá tionscnamh eile dírithe ar chur chun úsáide bonneagair agus seirbhísí ríomhaireachta mórscála.

| |
|---|
| Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:<br><br>- Togra a ghlacadh le haghaidh an Ghnímh um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga (R4 2025-R1 2026), agus comhairliúchán poiblí a sheoladh roimh ré (an 9 Aibreán 2025);<br>- Treochlár straitéiseach um dhigitiú agus intleacht shaorga in earnáil an fhuinnimh a ghlacadh (2026); |

- Tacú leis na Ballstáit ina gcuid oibre maidir le tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo a dhearadh i réimse na hintleachta saorga agus an bhonneagair próiseála sonraí.

## 2. Sonraí le haghaidh na hIntleachta Saorga

Tá rochtain ar shonraí iontaofa dea-eagraithe fíor-riachtanach má tá an tAontas chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga. Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh air sin sa dara leath de 2025 le **Straitéis nua um Aontas Sonraí** chun níos mó sonraí a chur ar fáil chun tacú le forbairt agus nuálaíocht na hintleachta saorga.

Leis an **Straitéis um Aontas Sonraí**, díreofar ar éiceachóras sonraí an Aontais a neartú trí idir-inoibritheacht agus infhaighteacht sonraí a fheabhsú ó earnáil go chéile chun freagairt don ghanntanas sonraí láidre ardcháilíochta le haghaidh oiliúint a chur ar shamhlacha IS agus iad a bhailíochtú. Beidh sé d’aidhm aici beartais sonraí a ailíniú níos fearr le riachtanais gnólachtaí, na hearnála poiblí agus na sochaí, agus timpeallacht iontaofa le haghaidh comhroinnt sonraí á cothú san am céanna. Chun an méid sin a bhaint amach, cuirfear na coimircí is gá i bhfeidhm ar mhaithe le rúndacht, sláine agus slándáil sonraí comhroinnte a áirithiú, agus ar an gcaoi sin cuirfear cultúr muiníne agus comhair chun cinn. Tabharfar aird ar leith ar an reachtaíocht maidir le sonraí atá ann cheana a chuíchóiriú chun castacht agus an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun a áirithiú go mbeidh struchtúir rialachais sonraí éifeachtúil agus éifeachtach, bunaithe ar phróiseas cuimsitheach lena gcuirtear san áireamh an reachtaíocht is infheidhme maidir le cóipcheart.

Uirlis thábhachtach amháin sa chomhthéacs sin is ea na **Saotharlanna Sonraí** a chuirfear ar bun mar chuid den tionscnamh um Monarchana IS. Leis na Saotharlanna Sonraí sin, tabharfar le chéile sonraí ó Mhonarchana IS éagsúla a chumhdaíonn na hearnálacha céanna agus déanfar na sonraí sin a chónascadh. Ina theannta sin, nascfaidh siad leis na Spásanna Coiteanna Eorpacha Sonraí comhfhreagracha agus cuirfidh siad na sonraí sin ar fáil d’fhorbróirí IS faoi choinníollacha iomchuí. Dá bhrí sin, cinnteoidh na Saotharlanna Sonraí go mbeidh rochtain ag forbróirí IS ar mhéideanna móra sonraí ardcháilíochta in earnáil na sláinte, in earnáil an fhuinnimh agus in earnálacha eile (beidh an rochtain sin i gcomhréir leis na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach spás sonraí i gcónaí).

Ní hamháin go n-áiritheoidh Saotharlanna Sonraí rochtain ar **Spásanna Coiteanna Eorpacha Sonraí**, ach d’fhéadfadh siad raon seirbhísí eile a chur ar fáil freisin. D’fhéadfaí a áireamh orthu sin tacair sonraí a ghlanadh agus a shaibhriú, uirlisí teicniúla a sholáthar (e.g. formáidí caighdeánaithe, sonraí sintéiseacha, bloic thógála theicniúla chomhroinnte) agus idir-inoibritheacht trasteorann a chothú ó earnáil go chéile. D’fhéadfadh Saotharlanna Sonraí seirbhísí comhthiomsaithe sonraí a thairiscint freisin a chuideodh le cuideachtaí sonraí a chomhroinnt agus iad ag cloí le rialacha in aghaidh trustaí, agus na Saotharlanna ag tarraingt

ar chreat **an Ghnímh um Rialachas Sonraí** le haghaidh idirghabhálaithe sonraí iontaofa. I mbeagán focal, dhéanfaidís foinsí sonraí ilroinnte a iompú ina n-acmhainn iontaofa inrochtana le haghaidh fhorbairt na hintleachta saorga.

Tá an Coimisiún ag tacú leis na hiarrachtaí sin trí *Simpl* a fhorbairt, **bogearra néalríomhaireachta comhroinnte arb é is aidhm dó bainistiú agus nascadh na spásanna sonraí a dhéanamh níos éasca**[20]. Feidhmíonn an bogearra sin mar shraith choiteann agus cuidíonn sé le rannpháirtithe i spás sonraí oibriú le chéile ar bhealach níos rianúla. Cuireann sé uirlisí atá réidh le húsáid ar fáil amhail bealaí slána chun sonraí a mhalartú, rochtain a bhainistiú agus céannachtaí a fhíorú agus, ar an gcaoi sin, castacht theicniúil agus costais a laghdú. Dá réir sin, cuideoidh an méid sin le níos mó eagraíochtaí dul isteach i spásanna sonraí agus iad a leathnú ar fud an Aontais.

Is sampla soiléir é réimse na sonraí teanga den chaoi ar féidir torthaí nithiúla a bhaint amach trí shonraí ó Bhallstáit éagsúla a chomhthiomsú. Is iad na sonraí teanga is bonn do shamhlacha móra teanga. Tá a n-infhaighteacht fíor-riachtanach chun deireadh a chur le bacainní teanga sa mhargadh aonair, rud a d'fhéadfadh borradh suas le EUR 360 billiún a chur faoin trádáil laistigh den Aontas[21]. Is iarracht mhórscála í **an Chomhghuaillíocht um Theicneolaíochtaí Teanga (ALT-EDIC)** chun sonraí teanga an Aontais a chomhthiomsú, comhghuaillíocht a seoladh i mí an Mhárta 2025. Tabharfaidh sé 17 mBallstát le chéile chun stór cuimsitheach acmhainní teanga ardcháilíochta a thógáil chun an bhearna i sonraí ilteangacha a líonadh agus chun éagsúlacht teanga agus chultúrtha na hEorpa a chaomhnú, rud a chothóidh barr feabhais agus ceannaireacht teicneolaíochta.

Sampla eile is ea réimse na sláinte ina leagann an rialachán maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte creat coiteann amach chun sonraí sláinte ó Bhallstáit éagsúla a chur ar fáil ar bhealach slán le haghaidh úsáid thánaisteach ar fud an Aontais. Ach rochtain ar thacair sonraí ardcháilíochta a léiríonn éagsúlacht dhaonra na hEorpa a áirithiú, rannchuideofar claontacht a laghdú agus cothroime agus éifeachtacht a fheabhsú maidir le feidhmeanna na hintleachta saorga a fhorbairt sa chúram sláinte.

Ina theannta sin, an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte, is é sin spás sonraí na hEorpa le haghaidh taighde agus nuálaíochta, tá sé ag bailiú méideanna ollmhóra sonraí taighde ar ardchaighdeán ó institiúidí taighde chun iad a chur ar fáil d'fheidhmeanna nuálacha. Cuireann an tAontas é féin sonraí geospásúla ar fáil trí Copernicus, sonraí a bhfuil rochtain saor in aisce orthu chun teicneolaíochtaí IS a fhorbairt.

Sa bhreis ar níos mó sonraí a chur ar fáil, fiosróidh an **Straitéis um Aontas Sonraí** bealaí chun maorlathas nach bhfuil gá leis a laghdú freisin. Is é is aidhm di simpliú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le gnólachtaí rialacha an Aontais maidir le sonraí a chomhlíonadh ionas gur fusa dóibh sonraí a chomhroinnt agus a úsáid le haghaidh na hintleachta saorga. Breathnóidh an straitéis freisin ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas sonraí níos luachmhaire a mhealladh – agus é a áirithiú san am céanna go gcosnófar sonraí íogaire an Aontais nuair a chomhroinntear iad go hidirnáisiúnta.

[20] https://simpl-programme.ec.europa.eu/
[21] Staidéar ar Réitigh Teicneolaíochta Teanga (CNECT/LUX/2022/OP/0030)

Chun an straitéis a mhúnlú, seolfaidh an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar mhaithe le hionchur a bhailiú ó ghnólachtaí, ón earnáil phoiblí, ó thaighdeoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile. Cuideoidh sé sin le riachtanais sonraí shonracha a shainaithint, na gníomhaíochtaí atá beartaithe a mhionchoigeartú agus é a chinntiú go dtacóidh an Straitéis le héiceachóras IS láidir iomaíoch nuálach a bheith ann san Aontas.

<u>Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:</u>

- Comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir leis an Straitéis um Aontas Sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais sonraí na tionsclaíochta (R2 2025) sula dtíolacfar an Straitéis um Aontas Sonraí (Teachtaireacht, R3 2025);
- Saotharlanna Sonraí atá comhlachaithe leis na Monarchana IS a chur ar bun (R3-R4 2025);
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do chur chun úsáide Spásanna Coiteanna Eorpacha Sonraí (lena n-áirítear bogearraí coiteanna a úsáid mar aon le bloic thógála theicniúla chomhroinnte ar mhaithe le hidir-inoibritheacht a áirithiú) agus a naisc le Monarchana IS a chothú (Clár don Eoraip Dhigiteach 2025-2027).

## 3. An nuálaíocht a chothú agus dlús a chur le glacadh na hintleachta saorga in earnálacha straitéiseacha an Aontais

Sa lá atá inniu ann, bíonn go leor cuideachtaí Eorpacha ag streachailt le glacadh na hintleachta saorga, go háirithe cuideachtaí meánchaipitlithe agus FBManna. Ó 2024, ní raibh an intleacht shaorga glactha ach ag 13,5 % de chuideachtaí san Aontas[22]. Cothaítear an nuálaíocht trí dhlús a chur le glacadh na hintleachta saorga i ngach earnáil, lena n-áirítear an riarachán poiblí, agus tá sé fíor-riachtanach chun feabhas a chur ar an iomaíochas agus ar an bhfás eacnamaíoch agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

Is é sin cuspóir **na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga** atá ar na bacáin, is é sin cur chuige an Aontais maidir le dlús a chur le glacadh na hintleachta saorga agus an nuálaíocht a spreagadh, agus san am céanna an leas is fearr is féidir á bhaint as réitigh IS 'déanta san Eoraip'. Díreoidh sí ar earnálacha tionsclaíochta ina bhféadfadh fios gnó an Aontais a bheith ina rannchuidiú táirgiúlacht agus gnóthachain iomaíochais a mhéadú a thuilleadh. Tabharfaidh sí aghaidh freisin ar ghlacadh san earnáil phoiblí, áit ar féidir leis an intleacht shaorga tairbhí claochlaitheacha don dea-bhail a sholáthar i réimsí amhail an cúram sláinte. Mar chomhlánú air sin, díreoidh Straitéis Eorpach thiomnaithe um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht ar úsáid na hintleachta saorga i ndisciplíní eolaíocha, rud a chuirfidh borradh faoin táirgiúlacht agus a éascóidh fionnachtana eolaíocha.

[22] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/isoc_eb_ai/default/table?lang=en

### 3.1 Cur chuige bunaithe ar chásanna úsáide i bpríomhearnálacha tionsclaíochta na hEorpa agus san earnáil phoiblí


I gcomhréir leis an Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, díreoidh an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga **ar phríomhearnálacha tionsclaíocha na hEorpa a bhfuil ceannaireacht láidir ag an Aontas iontu**. Is ag na hearnálacha sin atá an acmhainneacht neamhshaothraithe is mó maidir le glacadh na hintleachta saorga. I measc na n-earnálacha sin, tá **ardmhonaraíocht**; **an t-aeraspás; an tslándáil agus an chosaint**[23]**; an earnáil agraibhia; taighde ar fhuinneamh agus ar chomhleá; an comhshaol agus an aeráid; soghluaisteacht agus mótarfheithiclí; cógaisíocht; bith-theicneolaíocht; dearadh ardábhar; róbataic; cumarsáid leictreonach; tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha**[24] **agus an eolaíocht.** Ina theannta sin, beidh **an earnáil phoiblí** ina príomhspreagadh straitéiseach maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga. Leis an Straitéis áiritheofar go n-úsáidfear an intleacht shaorga chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí a fheabhsú, i réimsí amhail **an cúram sláinte, an ceartas, an t-oideachas agus an riarachán poiblí**. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh an intleacht shaorga a bheith ina huirlis chumhachtach chun idirdhealú a chosc agus a chomhrac agus chun comhionannas deiseanna a áirithiú do chách, lena n-áirítear trí réitigh inrochtana a ghiniúint agus bacainní roimh dhaoine faoi mhíchumas a bhaint. An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach ndéanfaidh comhtháthú agus úsáid bhreise na hintleachta saorga sna hearnálacha sin dochar do leasanna slándála eacnamaíche an Aontais. Chuige sin, beidh ról lárnach ag bosca uirlisí slándála eacnamaíche an Aontais.

Molfaidh an Straitéis gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin earnáilsonracha, lena n-áirítear rochtain ar shonraí, tallann, forbairt agus uasghrádú scileanna, conraitheoireacht uathoibrithe agus deiseanna tástála. I ndeireadh na dála, leis an gcur chuige sin féachtar leis na hionstraimí beartais is éifeachtaí a shainiú chun glacadh na réiteach IS a éascú laistigh d'earnálacha agus ó earnáil go chéile. Áirítear leis sin suí straitéiseach na n-ionstraimí tacaíochta iomchuí, amhail Monarchana/Gigeamhonarchana IS, Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, Saoráidí Tástála agus Turgnamhaíochta, an Straitéis um Aontas Sonraí agus an tAcadamh Scileanna IS (féach roinn 4). Ina theannta sin, molfar sa straitéis go ndéanfaidh an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga, ina cáil mar lárionad saineolais IS an Aontais, faireachlann a chur ar bun ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar chur chun feidhme.

---

[23] I gcomhréir leis an bPáipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030, is príomh-ionchuir iad teicneolaíochtaí bunúsacha amhail an intleacht shaorga le haghaidh fás eacnamaíoch fadtéarmach agus ardchéimíocht mhíleata araon.

[24] I gcás thionscail na cruthaitheachta, forbrófar straitéis IS le haghaidh earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta i gcomhthráth leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga atá le teacht. Díreoidh sí ar a áirithiú go gcumasóidh agus go dtreiseoidh an intleacht shaorga cruthaitheacht an duine seachas teacht in ionad air, sin agus go mbeidh an intleacht shaorga ina rannchuidiú éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chosaint.




Chun raon leathan tuairimí agus aighneachtaí a bhailiú, tosaíochtaí agus dúshláin na bpáirtithe leasmhara a shainaithint, agus measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann, iarrann an Coimisiún Eorpach ar pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chomhroinnt maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga mar chuid **den chomhairliúchán poiblí** atáthar a sheoladh i gcomhthráth leis an Teachtaireacht seo.

Tá tús á chur ag an gCoimisiún freisin **le hidirphlé struchtúrtha le hionadaithe tionscail** (lena n-áirítear FBManna agus pobail na ngnólachtaí nuathionscanta agus na ngnólachtaí atá ag méadú) chomh maith leis an earnáil phoiblí. Agus é ag tógáil ar ardáin chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara atá ann cheana, is é is aidhm don idirphlé sin sainaithint a dhéanamh ar shamplaí ábhartha den acmhainneacht neamhshaothraithe maidir le glacadh teicneolaíochtaí IS in earnálacha sonracha, ar an gcomhtháthú atá ann faoi láthair i bpróisis ghnó agus táirgthe, agus ar an acmhainneacht maidir le huas-scálú na dteicneolaíochtaí sin san earnáil atá i gceist agus sa gheilleagar i gcoitinne.

### 3.2 Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha mar na príomhspreagthaí maidir le cur chun úsáide na hintleachta saorga a chur chun cinn

Maidir le bheith ag tacú le comhtháthú éifeachtach na hintleachta saorga, beidh ról lárnach ag **Líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach, moil arb ann dóibh i mBallstáit uile an Aontais** agus i ndeich dtír Eorpacha eile, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí. Cumhdaíonn an líonra 85 % de réigiúin na hEorpa. Is é is aidhm do na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha claochlú digiteach rathúil FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí a áirithiú. Sa dara céim, ó mhí na Nollag 2025 ar aghaidh, iompóidh na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha **ina Lárionaid Taithí um an Intleacht Shaorga**. Neartófar a bhfócas ar ghlacadh na hintleachta saorga chun a áirithiú go bhféadfaidh siad tacú go héifeachtach le glacadh na réiteach IS earnáilsonrach, agus san am céanna leanfaidh siad de sheirbhísí tionlacain a sholáthar amhail comhairle chistiúcháin, líonrú agus oiliúint.

Oibreoidh Líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach i ndlúthshineirge le héiceachóras na Monarchana IS. I measc rudaí eile, éascóidh sé an rochtain atá cuideachtaí ar acmhainní

ríomhaireachta agus sonraí na Monarchana IS mar aon leis an rochtain ar thionscnaimh IS eile, amhail boscaí gainimh rialála agus Saoráidí Tástála agus Turgnamhaíochta.

Cuireann na saoráidí sin timpeallachtaí mórscála fíorshaoil ar fáil chun an intleacht shaorga a thástáil agus a bheachtú, rud a áirithíonn go ndéantar an tsamhail IS a bhailíochtú, a bharrfheabhsú agus a ullmhú lena cur chun úsáide. Feidhmíonn na Saoráidí Tástála agus Turgnamhaíochta i réimsí na sláinte, na monaraíochta, na gcathracha cliste (lena n-áirítear iompar agus soghluaisteacht), na talmhaíochta agus an fhuinnimh go háirithe[25]. Seolfar saoráid nua den sórt sin in 2026.

Mar shampla, d'fhéadfadh oiliúint agus uas-sciliú foirne sonrach a bheith ag teastáil ó chuideachta atá toilteanach samhail réamhaisnéise tomhaltais fuinnimh, ar samhail faoi thiomáint IS í, a chur chun feidhme laistigh de chóras monaraíochta atá ann cheana. Féadann Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha oiliúint den sórt sin a chur ar fáil agus tacóidh siad leis an gcuideachta freisin trí chonairí oiliúna soiléire a chur ar fáil ag brath ar riachtanais na bhfostaithe.

Sna samplaí seo a leanas, léirítear an chaoi a bhfuil Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha ag cuidiú le FBManna réitigh IS a chur i bhfeidhm cheana féin:

**Algartaim IS agus Comhtháthú Braiteoirí le haghaidh Soithí Róbatacha (an Eastóin)[26]**

Bhí dúshláin roimh Mindchip OÜ, gnólacht nuathionscanta teicneolaíochta muirí mhicrimhéide san Eastóin, i ndáil le córas éifeachtach ríomhamhairc IS-bhunaithe a fhorbairt le haghaidh longa uathrialaitheacha. Agus iad ag comhoibriú leis an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach AI & Robotics Estonia, lárionad a chuir cúnamh ar fáil tríd an tionscnamh 'tástáil roimh infheistíocht' agus a chuidigh leo cistiú a aimsiú, chomhtháthaigh siad córas ríomhamhairc IS-bhunaithe ceannródaíoch lenar cuireadh feabhas mór ar a gcumais loingseoireachta uathrialaithí. Laghdaigh an córas sin na costais agus an tionchar ar an gcomhshaol go mór, agus san am céanna d'fheabhsaigh sé an tsábháilteacht agus an éifeachtúlacht oibríochtúil.

**ARACNE – Ríomhamharc le haghaidh rialú snáthaidí agus tromán ar mhaithe le monaraíocht gan fabhtanna: Ó chruthúnas coincheapa go mac-chuideachta (an Spáinn)[27]**

Dhírigh CANMARTEX, fiontar beag sa Spáinn, ar neamhéifeachtúlachtaí i dtáirgeadh teicstílí de dheasca lochtanna fabraice. Tar éis dóibh dul i gcomhpháirtíocht le Eurecat tríd an Mol Nuálaíochta Digití Eorpach DIH4CAT, d'fhorbair siad an réiteach ARACNE lena n-ionchorpraítear ardteicneolaíochtaí IS agus ríomhamhairc. Is é a dhéanann an córas tuarthach rialaithe cáilíochta sin lochtanna a d'fhéadfadh a bheith ann in innealra cniotála a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu i bhfíor-am, rud a laghdaíonn dramhaíl agus a mhéadaíonn an táirgiúlacht go mór. Mar thoradh ar an gcur chuige nuálach sin, cruthaíodh mac-chuideachta agus bhuaigh CANMARTEX roinnt gradam mór le rá, ina measc 'An réiteach IS is fearr arna chur i bhfeidhm sa mhonaraíocht thionsclaíoch' ag an imeacht Monarchana na Todhchaí in 2023.

[25] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/testing-and-experimentation-facilities
[26] https://european-digital-innovation-hubs.ec.europa.eu/knowledge-hub/success-stories/ai-algorithms-and-sensor-integration-robotic-vessels
[27] https://european-digital-innovation-hubs.ec.europa.eu/knowledge-hub/success-stories/aracne-machine-vision-needles-and-sinkers-control-zero-defect

**Tacú le rath Gas Grün GmbH maidir leis an intleacht shaorga, margaíocht agus fréamhshamhaltú trí phriontáil 3T a úsáid (an Ghearmáin)[28]**

Bhí Gas Grün GmbH, gnólacht nuathionscanta beag bithgháis sa Ghearmáin, ag streachailt chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as táirgeacht fuinnimh a ghléasraí bithgháis. Le cuidiú ó Mhol Nuálaíochta Digití, mol a thug an deis do Gas Grün teicneolaíochtaí amhail priontáil 3T a thástáil roimh infheistíocht a dhéanamh iontu agus a nasc é le comhpháirtithe speisialaithe, d'fhorbair an chuideachta córas rialaithe IS-bhunaithe lena ndéantar táirgeadh fuinnimh a uasmhéadú agus dramhaíl a íoslaghdú. Chuidigh sé sin leo a ngnó a fhás agus a gcuid oibre a léiriú ag imeachtaí tionscail.

**ArtCentrica: ardán ar líne atá ag athrú fhoghlaim na healaíne agus na ndaonnachtaí ó bhonn (an Iodáil)**

Tugann **ArtCentrica** rochtain ar níos mó ná 8 000 saothar ealaíne ardtaifigh ó mhúsaeim ar fud an domhain, agus tá uirlis oideachasúil uathúil aige ina dtagann an intleacht dhaonna agus an intleacht shaorga le chéile chun insintí ilmheán idirghníomhacha a chruthú atá dírithe ar shaothair ealaíne: **Scéalta IS ArtCentrica**. Leis an uirlis nuálach sin déantar gnéithe dinimiciúla de phíosaí ealaíne, gnéithe a fheidhmíonn mar chuspóir na hinsinte agus mar fheithicil chun coincheapa éagsúla a léiriú. Is féidir taighde agus forbairt an tionscadail sin a dhéanamh a bhuí le tacaíocht ó Mhol Nuálaíochta Digití.

### 3.3 Intleacht shaorga 'déanta san Eoraip' ó chéim an taighde go cur ar an margadh

Agus é mar aidhm againn réitigh IS a chur chun úsáide, tá sé fíor-riachtanach próiseas leanúnach a áirithiú a chuimsíonn timthriall forbartha na teicneolaíochta, ó chéim an taighde go cur ar an margadh. **Tá sé ríthábhachtach iarrachtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) a chothú dá bhrí sin.** Chuir an Coimisiún tús le hiarrachtaí i ndáil leis sin cheana féin **trí bhíthin an Phacáiste Nuálaíochta IS** a seoladh i mí Eanáir 2024 lena dtugtar tacaíocht airgeadais do thaighde agus nuálaíocht san intleacht shaorga ghiniúnach faoin **tionscnamh GenAI4EU**. Tacaíonn an tionscnamh sin le taighde feidhmeach agus leagann sé síos na bunchlocha le haghaidh éiceachóras IS Eorpach láidir.

Glactar cur chuige earnálach sa tionscnamh GenAI4EU agus tá **beagnach EUR 700 milliún leithdháilte aige go dtí seo i nglaonna atá beartaithe faoin gClár Fís Eorpach agus faoin gClár don Eoraip Dhigiteach**[29] le haghaidh forbairt samhlacha agus réiteach IS sofaisticiúla i raon leathan earnálacha. I measc nithe eile, forbróidh tionscadail intleacht shaorga ghiniúnach chun línte táirgthe sa mhonaraíocht a bharrfheabhsú, chun uathriail na róbat agus an róbataic chomhoibríoch a fheabhsú i gcúraimí casta, sin agus chun feabhas a chur ar ár gcumais chibearchosanta agus ár gcumais san íomhánú diagnóiseach.

[28] https://european-digital-innovation-hubs.ec.europa.eu/knowledge-hub/success-stories/supporting-gas-grun-gmbhs-success-ai-marketing-and-prototyping-using

[29] An méid i gcás glaonna atá ann faoi láthair agus glaonna atá beartaithe: le haghaidh na tréimhse 2024-2025 faoin gClár Fís Eorpach agus
le haghaidh na tréimhse 2024-2027 faoin gClár don Eoraip Dhigiteach.

Ina theannta sin, laistigh den earnáil phoiblí, beidh **suas le ceithre thionscadal phíolótacha ann a bheidh dírithe ar dhlús a chur le cur chun úsáide réiteach IS ghiniúnaigh, ar réitigh Eorpacha iad, in údaráis riaracháin phoiblí**. Díreoidh na tionscadail phíolótacha sin ar chinnteoireacht a fheabhsú, ar phróisis riaracháin inmheánacha a chuíchóiriú, agus ar idirghníomhaíochtaí na saoránach a fheabhsú trí sheirbhísí poiblí a dhéanamh níos inrochtana. Tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as cumhacht ceannaigh phoiblí, spreagann an glao soláthar nuálaíochta, rud a chothaíonn forbairt agus cur chun úsáide réiteach núíosach, a chuireann dlús leis an nglacadh agus a fheabhsaíonn seirbhísí poiblí. Agus é ag cur leis an tionscnamh GenAI4EU, leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do T&N agus d'fhorbairt réiteach i réimse na hintleachta saorga san Eoraip in 2026 agus 2027 mar chuid lárnach den Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga. Cuirfear béim ar na cásanna úsáide is mó a bhfuil gealladh fúthu arna sainaithint sa Straitéis. Ina theannta sin, le linn na tréimhse 2025-2029, tacóidh an tionscnamh Gorlann GovTech le 21 ghníomhaí GovTech ó 16 thír chun réitigh IS le haghaidh soláthar poiblí, próiseáil fianaise agus cúntóirí inrochtaineachta a chomhphíolótú agus a fhorbairt, mar chéad chéim.

Chun na tionscnaimh thuas a chomhlánú agus a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach infheistíocht shubstaintiúil a dhéanamh i mbuntaighde. Tá sin fíor-riachtanach **chun barr feabhais IS na hEorpa a chothú, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as saineolas den chéad scoth sna Ballstáit** agus ag dul i gcomhar le chéile ar an leibhéal Eorpach ar mhaithe le comhar a spreagadh, chun an tallann taighde is fearr a choinneáil agus a mhealladh, agus chun dlús a chur leis an gcéad ghlúin eile den teicneolaíocht agus le fionnachtana eolaíocha a thacaíonn leis an tionsclaíocht agus leis an tsochaí. Déanfaidh **an Chomhairle Eorpach um Thaighde ar an Intleacht Shaorga** a fógraíodh sna Treoirlínte Polaitiúla le haghaidh 2024-2029 acmhainní a chomhthiomsú a bhrúnn teorainneacha teicneolaíochta na hintleachta saorga chun cinn agus a bhaineann leas as an acmhainneacht atá aici fionnachtana eolaíocha a éascú. Déanfar sin trí bhíthin **Acmhainn le haghaidh Eolaíocht IS san Eoraip (RAISE)**. Tacóidh sí leis an tionscnamh 'Eolaíocht le haghaidh na hIntleachta Saorga', tionscnamh a spreagfaidh forbairt teicneolaíochtaí IS den chéad ghlúin eile, agus leis an tionscnamh 'Intleacht Shaorga san Eolaíocht', tionscnamh a chothóidh úsáid na hintleachta saorga le haghaidh fionnachtana agus taiscéalaíochta i ndisciplíní eolaíocha éagsúla agus a éascóidh sineirgí san intleacht shaorga agus sna heolaíochtaí fearainn. Bunaithe ar an ionchur a fuarthas le linn na gcomhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga agus an Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht, déanfaidh an Coimisiún tuilleadh forbartha ar an gcoincheap, lena n-áirítear ceist an rialachais, agus seolfaidh sé céim phíolótach de RAISE faoi 2026.

Dá bhrí sin, sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga atá ar na bacáin, áiritheofar an eolaíocht mar earnáil ingearach agus beidh sí nasctha leis an **Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht** (tá an dá straitéis le glacadh in éineacht le chéile). Beidh sé d'aidhm ag an dara straitéis sin **glacadh freagrach tapa** na hintleachta saorga ag eolaithe a éascú, le tacaíocht ó **RAISE**. Tabharfaidh sí isteach plean gníomhaíochta chun bacainní sainaitheanta roimh eolaithe a shárú, chun an pobal eolaíochta a chumhachtú agus chun comhar agus barr

feabhais eolaíoch a spreagadh. Nascfaidh sí le ríomhchumhacht na nGigeamhonarchana agus cuirfidh sí timpeallacht oscailte ar fáil ionas go bhféadfar comhar eolaíoch a bhaint amach.

| Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin: |
|---|
| - Comhairliúchán poiblí agus Glao ar Fhianaise a sheoladh chun tosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara a shainaithint agus chun bonn eolais a chur faoin Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga (an 9 Aibreán 2025);<br>- Glao ar Fhianaise agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe leis an bpobal eolaíochta a sheoladh chun bonn eolais a chur faoin Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht (R2 2025);<br>- Idirphlé struchtúrtha le hionadaithe ón earnáil tionsclaíochta agus ón earnáil phoiblí a eagrú chun táirgí insoláthartha agus príomhtháscairí feidhmíochta earnáilsonracha a bhaineann le IS a shainaithint, sin agus chun bonn eolais a chur faoin Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga (R2-R3 2025);<br>- Misean na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach a oiriúnú chun a áirithiú go dtacaíonn siad go hiomlán le glacadh na réiteach IS ábhartha in earnálacha straitéiseacha (R2-R3 2025);<br>- An Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga a ghlacadh i gcomhthráth leis an Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht (R3 2025);<br>- Clár oibre T&N 2026-2027 an chláir Fís Eorpach a ghlacadh, lena gcuirfear borradh breise faoi fhorbairt agus cur chun úsáide na hintleachta saorga agus na hintleachta saorga giniúnaí in earnálacha straitéiseacha (R4 2025);<br>- Mar chuid den tionscnamh GenAI4EU, glaonna faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gClár don Eoraip Dhigiteach a sheoladh – i réimsí amhail an tsláinte, an chibearshlándáil, an fuinneamh, an chógaisíocht/drugaí, an chumarsáid leictreonach, an t-aeraspás, an róbataic, an mhonaraíocht, an earnáil phoiblí, an eolaíocht etc. – lena sroichfidh méid infheistíochta atá gar do EUR 700 milliún (R1 2026)<br>- Céim phíolótach de RAISE a sheoladh faoi chuimsiú na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar an Intleacht Shaorga (2026). |

## 4. Scileanna agus tallann IS a neartú

Mar a chuirtear i dtábhacht in **Aontas na Scileanna**[30], is ó mhuintir na hEorpa a thagann an neart iomaíoch atá aici. Tá daonra oilte fíor-riachtanach chun freagairt do chlaochluithe gasta teicneolaíochta an lae inniu agus chun rathúnas agus iomaíochas an Aontais amach anseo a áirithiú. Tá an intleacht shaorga ag déanamh difear do phróifílí poist agus do thacair scileanna na n-oibrithe agus na saoránach níos mó ná riamh. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar aon ghanntanas tallainne agus ar aon mhímheaitseáil scileanna trasearnála, i

[30] Aontas na Scileanna – An Coimisiún Eorpach

gcomhréir le sprioc na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga. Sa chomhthéacs sin agus i gcomhréir le snáitheanna oibre[31] Aontas na Scileanna[32], díreoidh Mór-Roinn na hIntleachta Saorga ar bhearta chun díorma speisialtóirí IS an Aontais a mhéadú agus chun oibrithe agus saoránaigh an Aontais a uas-sciliú agus a athsciliú ar bhealach leormhaith maidir le húsáid na hintleachta saorga.

Chun lucht saothair fairsing atá eolach ar IS a fhorbairt, ní mór tosú le hoideachas agus oiliúint tosaigh atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán. Le **Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha** agus an tionscnamh **An Intleacht Shaorga san Oideachas** a bhaineann leis[33], tacófar le litearthacht IS a fhorbairt sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas agus cothófar glacadh straitéiseach eiticiúil na hintleachta saorga san oideachas, lena n-áirítear trí thacaíocht agus fothú acmhainneachta do mhúinteoirí agus d'institiúidí oideachais. Agus Mór-Roinn na hIntleachta Saorga ag tógáil air sin agus í ag rannchuidiú leis na ceithre snáithe oibre[34] atá ag Aontas na Scileanna[35], díreoidh Mór-Roinn na hIntleachta Saorga ar bhearta chun díorma speisialtóirí IS an Aontais a mhéadú agus chun oibrithe agus saoránaigh an Aontais a uas-sciliú agus a athsciliú ar bhealach leormhaith maidir le húsáid na hintleachta saorga.

### 4.1 Díorma speisialtóirí IS an Aontais a mhéadú

Ní mór don Aontas a linn tallainne IS a mhéadú chun coinneáil suas leis an éileamh méadaitheach ar shaineolas a bhaineann leis an intleacht shaorga, go háirithe i ndáil le feidhmeanna na hintleachta saorga a fhorbairt agus le scileanna tionscal-sonracha[36]. Déanfaidh an Coimisiún amhlaidh trí dhíriú ar an méid seo a leanas:

- an chéad ghlúin eile de shaineolaithe IS atá bunaithe san Aontas a theagasc agus oiliúint a chur orthu;
- tallann IS na hEorpa a dhreasú chun fanacht san Aontas agus filleadh air; agus
- tallann IS oilte ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear taighdeoirí.

Chun **cláir oideachais**[37] atá ann cheana a chomhlánú agus chun an chéad ghlúin eile de shaineolaithe IS san Eoraip a ullmhú, tacóidh an Coimisiún leis an méadú ar sholáthar

---

[31] (1) scileanna saoil a fhorbairt trí bhonn láidir oideachais; (2) uas-sciliú agus athsciliú chun scileanna atá dírithe ar an todhchaí a áirithiú; (3) scileanna a chur i gcúrsaíocht agus a leithdháileadh chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an mhargaidh aonair; (4) scileanna ó thríú tíortha a mhealladh agus a choinneáil chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun an tallann is fearr a fhorbairt san Eoraip.

[32] agus straitéisí beartais gaolmhara, amhail an Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM (COM/2025/89 final).

[33] Mar a fógraíodh in Aontas na Scileanna.

[34] (1) Scileanna saoil a fhorbairt trí bhonn láidir oideachais; (2) uas-sciliú agus athsciliú chun scileanna atá dírithe ar an todhchaí a áirithiú; (3) scileanna a chur i gcúrsaíocht agus a leithdháileadh chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an mhargaidh aonair; (4) scileanna ó thríú tíortha a mhealladh agus a choinneáil chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun an tallann is fearr a fhorbairt san Eoraip.

[35] COM/2025/89 final

[36] LeADS, D1.3 Tuarascáil deiridh ar éileamh agus réamhaisnéis ardscileanna digiteacha, 2023.

[37] Lena n-áirítear tionscnaimh amhail comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha Erasmus+, Líonraí Dochtúireachta GMSC (gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie), tionscnaimh na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus Pobail Eolais agus Nuálaíochta na hinstitiúide sin.

foriomlán **céimeanna baitsiléara agus máistreachta agus clár PhD AE i bpríomhtheicneolaíochtaí, lena n-áirítear an intleacht shaorga**[38] agus eagróidh sé aontaí staidéir fíorúla agus scéimeanna scoláireachta chun na cláir sin a chur chun cinn. Gníomhaíocht ríthábhachtach sa chomhthéacs sin is ea **an tAcadamh Scileanna IS** a sheoladh[39], ionad ilfhreastail a chuireann oideachas agus oiliúint ar fáil maidir le scileanna a bhaineann le forbairt agus cur chun úsáide na hintleachta saorga, agus go háirithe an intleacht shaorga ghiniúnach. Tríd an Acadamh, déanfaidh an Coimisiún clár printíseachta IS a thriail ar bhonn píolótach freisin chun píblíne speisialtóirí IS a ullmhú, ar speisialtóirí iad atá oilte ar thionscadail fíorshaoil agus atá réidh le dul isteach i margadh saothair an Aontais nó le filleadh air. Chuige sin, tá **scéimeanna fillte**[40] beartaithe do ghairmithe ban. Thairis sin, chun fáinní óir breise a chruthú idir an earnáil acadúil agus an earnáil tionsclaíochta, forbróidh an Coimisiún **Comórtais Eorpacha um Ardscileanna Digiteacha**. Tabharfaidh na comórtais sin páirt do dhaoine óga i gcomhchruthú réiteach faoi thiomáint IS ar phríomhdhúshláin shochaíocha agus thionsclaíocha agus cothóidh siad smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálach.

In éineacht leis **na Monarchana IS**, beidh an tAcadamh Scileanna IS[41] tábhachtach freisin chun an leas is fearr is féidir a bhaint as barr feabhais in **oideachas agus taighde IS**[42]. Tacóidh an tAcadamh le **scéimeanna comhaltachta IS**, rud a chuirfidh ar a gcumas d’iarrthóirí PhD ardoilte AE agus neamh-AE agus do ghairmithe óga atá ina gcónaí lasmuigh den Aontas a bheith ag obair in eintitis atá bunaithe san Aontas. Cinnteoidh comhaltachtaí IS gur féidir le saineolaithe ardleibhéil san intleacht shaorga ghiniúnach mic léinn an Acadaimh Scileanna IS a theagasc agus oiliúint a chur orthu, agus dul chun cinn a dhéanamh ina dtaighde féin sa réimse sin san am céanna. Dá bhrí sin, forbróidh an tAcadamh Scileanna IS **céim phíolótach atá dírithe ar intleacht shaorga ghiniúnach**[43]. Ar an taobh eile, beidh na **Monarchana IS** ríthábhachtach chun timpeallacht an-dinimiciúil a chruthú do thaighdeoirí ardleibhéil agus cothóidh siad an nuálaíocht agus an comhar i bhforbairt agus cur chun úsáide na réiteach IS le haghaidh earnálacha straitéiseacha.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do theacht na n-iarrthóirí agus na dtaighdeoirí PhD is fearr, díreoidh an Coimisiún ar ghníomhaíochtaí chun na mic léinn agus na **taighdeoirí** is fearr a mhealladh (lena n-áirítear in earnáil na hintleachta saorga) **ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad**. Chuige sin, leagfaidh an Coimisiún amach bearta sa Straitéis Víosaí atá le teacht chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí agus na Treorach maidir le **Cárta Gorm AE** agus déanfaidh sé an scéim ‘**Roghnaigh an**

[38] Féach na gníomhaíochtaí an chláir oibre faoin gClár don Eoraip Dhigiteach 2025-2027: Clár Oibre 2025-2027 an Chláir don Eoraip Digiteach (DIGITAL) | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú
[39] Tairseach Cistithe agus Tairiscintí an Aontais | Tairseach Cistithe agus Tairiscintí an Aontais
[40] Tacaíonn cláir fillte le filleadh ar an obair tar éis sos gairme fadaithe, amhail saoire mháithreachais. Comhlánaíonn na scéimeanna sin tionscnaimh bhreise de chuid an Aontais chun níos mó ban agus cailíní a mhealladh chuig oideachas agus oiliúint maidir leis an intleacht shaorga, lena n-áirítear an Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM.
[41] Féachfaidh an tAcadamh Scileanna IS ar chomhoibriú le tionscnaimh ábhartha eile, e.g. an Chomhghuaillíocht Eorpach Scileanna Intleachta Saorga.
[42] Agus comhlántacht agus sineirgí le tionscnaimh ábhartha eile á n-áirithiú, amhail an Chomhghuaillíocht Eorpach Scileanna Intleachta Saorga (ARISA).
[43] Beidh an chéim sin ag comhlánú iarrachtaí an chláir Erasmus+ tacú le cuir chuige nuálacha maidir le huirlisí IS ghiniúnaigh a úsáid san oideachas (teicneolaíocht oideachais) agus cuirfidh sí san áireamh gníomhaíochtaí ábhartha Aontas na Scileanna, amhail an chéim/an lipéad Eorpach.

**Eoraip'** a phíolótú, **scéim atá faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC)**. Mar is amhlaidh le tionscnaimh GMSC eile, beidh an scéim phíolótach sin oscailte do gach réimse taighde, rud a chuirfidh ar a gcumas d'institiúidí taighde amhail ollscoileanna agus bonneagair thaighde taighdeoirí IS idirnáisiúnta den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Déantar cláir earcaíochta a chomhchistiú leis an scéim phíolótach agus fágann an scéim gur féidir deontais GMSC na gclár sin a nascadh le hionchais fhadtéarmacha laistigh den institiúid, lena n-áirítear, mar shampla, comórtais le haghaidh poist bhuana. Is é is aidhm di dul i ngleic leis an éiginnteacht i ngairmeacha taighde, éiceachóras T&N na hEorpa a dhéanamh níos tarraingtí, agus acmhainneacht taighde na hEorpa a neartú san fhadtéarma.

Ar deireadh, agus é ag tógáil ar chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí chun tacú leis na Ballstáit agus le fostóirí **náisiúnaigh níos ardoilte ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhealladh agus a choinneáil, ina measc sin saineolaithe IS**. Príomhuirlis chuige sin is ea **Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh** a bheidh ann amach anseo, ar cheart do na comhreachtóirí í a ghlacadh a luaithe is féidir. Ina theannta sin, faoi 2026 seolfaidh an Coimisiún na chéad **Oifigí um Thairseach Dlí Ilchuspóireach** i bpríomhthíortha comhpháirtíochta chun borradh a chur faoi shoghluaisteacht idirnáisiúnta an lucht saothair agus faoi fhorbairt scileanna idir an tAontas, na Ballstáit agus tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear i réimse TFC. Leanfaidh an Coimisiún freisin **de Chomhpháirtíochtaí Tallainne** a neartú chun soghluaisteacht an lucht saothair agus forbairt scileanna a uasmhéadú in earnálacha atá ábhartha don intleacht shaorga, amhail TFC, earnáil tosaíochta i gcás ceithre cinn de na cúig Chomhpháirtíocht Tallainne atá ann faoi láthair.

### 4.2 Uas-sciliú agus athsciliú lucht saothair agus dhaonra an Aontais

Chun tacú le scaipeadh éifeachtach na hintleachta saorga ar fud an Aontais agus chun aistriú digiteach duinelárnach a áirithiú san ionad oibre agus sa tsochaí i gcoitinne, ní mór don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, tacú le huas-sciliú agus athsciliú na ngairmithe i ngach réimse agus sa phobal i gcoitinne maidir le húsáid na hintleachta saorga[44]. Sa chomhthéacs sin, tá an t-idirphlé sóisialta fíorthábhachtach chun riachtanais scileanna i margadh an tsaothair a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, sin agus chun glacadh na dteicneolaíochtaí digiteacha in ionaid oibre na hEorpa a éascú ar bhealach atá cothrom agus cuimsitheach.

D'fhonn foghlaim leanúnach na n-oibrithe a áirithiú (i FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus gnólachtaí nuathionscanta, mar aon le heagraíochtaí san earnáil phoiblí), beidh an Coimisiún ag brath ar líonra na **Mol Nuálaíochta Digití Eorpach**. Méadóidh na moil sin scileanna agus seirbhísí oiliúna agus cuirfidh siad cúrsaí praiticiúla ar fáil maidir leis an intleacht shaorga le haghaidh próifílí teicniúla agus neamhtheicniúla éagsúla agus le haghaidh earnálacha sonracha. Ina theannta sin, **músclóidh an Coimisiún feasacht maidir le**

[44] Sna blianta amach romhainn, beidh scileanna nua de dhíth ar 61 % d'oibrithe fásta chun dul i ngleic le tionchar na hintleachta saorga ar a gcuid oibre, ach níl oiliúint faighte ach ag 15 % díobh go dtí seo maidir le huirlisí IS a úsáid (Cedefop, suirbhé ar scileanna IS, 2025).

**litearthacht IS**[45] agus **cothóidh sé idirphlé maidir leis an intleacht shaorga do chách**[46], go háirithe trí ghníomhaíochtaí scaipthe a chur chun cinn agus trí stóras tionscnamh um litearthacht IS arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí a choinneáil ar bun[47].

Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:

- Tacú leis an méadú ar sholáthar céimeanna baitsiléara agus máistreachta AE mar aon le cláir PhD a dhíríonn ar phríomhtheicneolaíochtaí, lena n-áirítear an intleacht shaorga (R2 2025);
- An tAcadamh Scileanna IS a sheoladh (R2 2025). lena n-áirítear:
  - Scéimeanna comhaltachta IS chun iarrthóirí PhD AE agus neamh-AE, taighdeoirí agus gairmithe óga atá ina gcónaí thar lear a mhealladh;
  - (in éineacht leis na Monarchana IS) céim dheimhnithe atá dírithe ar an intleacht shaorga ghiniúnach a phíolótú chun teagasc agus taighde ardleibhéil comhaltaí IS a éascú;
  - clár píolótach printíseachta IS i gcomhar leis an tionscal;
  - scéimeanna scoláireachta agus scéimeanna fillte do ghairmithe ban;
- Comórtais um Ardscileanna Digiteacha a eagrú i bpríomhtheicneolaíochtaí, lena n-áirítear an intleacht shaorga (R2 2025);
- Rannchuidiú a thabhairt tallann IS oilte ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear tríd an scéim 'Roghnaigh an Eoraip', ar scéim GMSC í atá dírithe ar thaighdeoirí (R4 2025-2026);
- Tacú le foghlaim leanúnach oibrithe in FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe, gnólachtaí nuathionscanta agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí trí bhíthin na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach (R2 2025);
- Litearthacht IS a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí scaipthe agus trí stóras tionscnamh um litearthacht IS (R2 2025);
- Scéim phíolótach a sheoladh, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as Comhpháirtíochtaí Tallainne atá ann cheana agus as na hOifigí um Thairseach Dlí Ilchuspóireach, chun soghluaisteacht na n-oibrithe ardoilte neamh-AE in earnáil na hintleachta saorga a chur chun cinn (R4/2025).

## 5. Comhlíontacht agus simpliú rialála a chothú

[45] Déanfar sin i gcomhréir le gníomhaíochtaí comhthreomhara, amhail Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha, an tionscnamh An Intleacht Shaorga san Oideachas a bhaineann leis an treochlár, agus an nuashonrú ar an gCreat um Inniúlacht Dhigiteach do shaoránaigh (DigComp 3.0), rudaí a fógraíodh in Aontas na Scileanna.

[46] I gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha, agus go háirithe leis an gcoincheap gan aon duine a fhágáil ar lár.

[47] Seoladh an stóras i gcomhthéacs na hoibre chun tacú le cur chun feidhme Airteagal 4 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus go dtí seo is cleachtais atá ann a bailíodh ó eagraíochtaí atá páirteach sa Chomhshocrú maidir leis an Intleacht Shaorga: Stóras beo chun foghlaim agus malartú maidir le litearthacht IS a chothú | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú.

Tá creat rialála atá inoibrithe agus láidir ríthábhachtach chun timpeallacht dhearfach iomaíoch a chruthú ina mbeidh cuideachtaí IS an Aontais in ann rathú agus ina mbeidh éiceachóras IS an Aontais in ann obair nuálacha dhéanamh. Ghlac an tAontas an **Gníomh um an Intleacht Shaorga chun na dálaí a chruthú le haghaidh margadh aonair dea-fheidhmiúil** le haghaidh na hintleachta saorga, lena n-áirithítear saorghluaiseacht thar theorainneacha agus coinníollacha comhchuibhithe maidir le rochtain ar mhargadh an Aontais. Ina theannta sin, áirithíonn sé go bhfuil an intleacht shaorga a fhorbraítear agus a úsáidtear san Eoraip sábháilte, go n-urramaíonn sí cearta bunúsacha agus go bhfuil sí ar an gcáilíocht is airde – ar gné dhíolacháin é sin i measc soláthraithe Eorpacha – agus go spreagann sí glacadh na hintleachta saorga. Leanann an Gníomh um an Intleacht Shaorga cur chuige spriocdhírithe rioscabhunaithe lena bhforchuirtear ceanglais ar fheidhmeanna IS ardriosca agus ar na feidhmeanna sin amháin. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024 agus tá sé á thabhairt isteach de réir a chéile, agus beidh sé curtha i bhfeidhm ina iomláine faoin 2 Lúnasa 2027.

Beidh rath an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ag brath go príomha ar a inoibrithe atá a chuid rialacha sa chleachtas. Tá an chéim ullmhúcháin atá ann faoi láthair ríthábhachtach maidir le **cur chun feidhme rathúil** a bhaint amach. Ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún, lena n-áirítear a Oifig um Intleacht Shaorga, treisiú a dhéanamh ar a n-iarrachtaí cur i bhfeidhm rianúil intuartha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a éascú. Mar chéad chéim, tá **Deasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga** á seoladh ag an gCoimisiún a bheidh ina mol faisnéise lárnach maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, rud a ligfidh do pháirtithe leasmhara cuidiú a iarraidh agus freagraí saincheaptha a fháil. Leis an tionscnamh seo, soláthrófar rochtain shimplí shaor in aisce ar fhaisnéis agus ar threoraíocht maidir leis an gcreat rialála is infheidhme, rud a fhreastalóidh ar riachtanais sholáthraithe beaga na réiteach IS agus imlonnóirí beaga na réiteach IS go háirithe. Is éard a bheidh sna freagraí comhairle phraiticiúil a chuideoidh le daoine an Gníomh um an Intleacht Shaorga a thuiscint agus a chomhlíonadh. Is foireann thiomnaithe san Oifig um Intleacht Shaorga a sholáthróidh Deasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Cuirfidh sí ardán idirghníomhach ar fáil ina mbeidh gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear údaráis phoiblí, in ann ceisteanna a chur, freagraí a fháil agus rochtain a bheith acu ar uirlisí teicniúla chun cuidiú leo an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur i bhfeidhm, e.g. crainn chinnteoireachta agus uirlisí féinmheasúnaithe eile.

Comhlánóidh Deasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga éiceachóras tacaíochta an Aontais do pháirtithe leasmhara, éiceachóras ina bhfuil faisnéis tosaigh ar fáil freisin trí na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha, mar aon leis an bhféidearthacht dul i gcomhar le bosca gainimh rialála IS náisiúnta nuair a bhíonn córas IS ardriosca á fhorbairt. Tá na boscaí gainimh rialála IS á gcur ar bun sna Ballstáit faoi láthair agus beidh siad ag feidhmiú faoi mhí Lúnasa 2026. Is féidir le páirtithe leasmhara dul i dteagmháil go díreach leis an Oifig um Intleacht Shaorga cheana féin trí pháirt a ghlacadh **sa Chomhshocrú maidir leis an Intleacht Shaorga**[48], rud a spreagann iad agus a thacaíonn leo cur chun feidhme bhearta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a phleanáil, trí thaithí agus eolas a chomhroinnt. Thairis sin, leanfaidh an

[48] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/ai-pact

Coimisiún de threoraíocht a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga ar mhaithe le tacú le comhlíontacht. Áirítear leis sin gníomhartha cur chun feidhme tarmligthe agus treoirlínte a ullmhú, lena n-éascaítear, mar shampla, cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Ghnímh um an Intleacht Shaorga le reachtaíocht earnála maidir le táirgí, e.g. an Rialachán maidir le Feistí Leighis[49], agus an t-idirghníomhú atá aige le reachtaíocht ghaolmhar eile[50]. Ina theannta sin, éascaíonn an Coimisiún comhlíontacht trí ionstraimí comhrialála a stiúradh amhail caighdeáin a fhorbairt chun tacú leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus an Cód Cleachtais maidir le hintleacht shaorga ilchuspóireach[51]. I bhfianaise an róil thábhachtaigh atá ag caighdeáin maidir le costais chomhlíontachta a laghdú agus réitigh éifeachtacha phraiticiúla a nglactar go forleathan leo a chur chun cinn, treiseoidh an Coimisiún an ghníomhaíocht atá sé a dhéanamh in éineacht le heagraíochtaí freagracha chun dlús a chur le forbairt na gcaighdeán sin. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair le **Bord um Intleacht Shaorga** na mBallstát[52] a thugann cúnamh i dtaobh treoraíocht a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear i gcomhthéacs **na reachtaíochta earnála**.

Mar chéad chéim eile, tógfaidh an Coimisiún ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na céime cur chun feidhme reatha agus **sainaithneoidh sé bearta breise a bhfuil gá leo chun cur i bhfeidhm rianúil cuíchóirithe simplí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a éascú**, go háirithe i gcás cuideachtaí beaga. Dá bhrí sin, sa chomhairliúchán poiblí maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga atá á sheoladh in éineacht leis an Teachtaireacht seo, áirítear ceisteanna sonracha maidir leis na dúshláin i bpróiseas cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga freisin, chun na réimsí a shainaithint ina bhfuil éiginnteacht rialála ag cur bac ar fhorbairt agus ar ghlacadh na hintleachta saorga agus chun a fháil amach conas is féidir leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit tacú níos fearr le páirtithe leasmhara i gcur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara san áireamh agus soláthróidh sé teimpléid, treoraíocht, seimineáir ghréasáin agus cúrsaí oiliúna ar mhaithe le nósanna imeachta a chuíchóiriú agus comhlíontacht a éascú. Cuirfidh torthaí an chomhairliúcháin phoiblí sin bonn eolais faoin measúnú níos leithne freisin, le linn na chéad bhliana den sainordú, ar cé acu a ndéanann nó nach ndéanann an *acquis* digiteach leathnaithe, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga, riachtanais agus srianta gnólachtaí amhail FBManna agus cuideachtaí

[49] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lgh. 1-175).

[50] E.g. Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88).

[51] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/ai-code-practice

[52] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/ai-board

meánchaipitlithe beaga a léiriú ar bhealach leormhaith, ag dul thar an treoraíocht agus na caighdeáin is gá lena n-éascaítear comhlíontacht[53].

Is reachtaíocht chothrománach é an Gníomh um an Intleacht Shaorga lena gcruthaítear margadh aonair le haghaidh intleacht shaorga shábháilte iontaofa ó earnáil go chéile agus ó réimse go chéile, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, an tsláinte, innealra, trealamh raidió, mótarfheithiclí, seirbhísí airgeadais agus fostaíocht. Tiocfaidh an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm de réir a chéile sa 2 bhliain amach romhainn agus beidh feidhm iomlán aici ag deireadh na tréimhse sin[54]. Ós rud é go bhfuil soiléireacht fíorthábhachtach don nuálaíocht, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh bearta cur chun feidhme i bhfeidhm in am do theacht i bhfeidhm fhorálacha éagsúla an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Ionas go gcruthóidh an gníomh fíormhargadh aonair ina bhféadann an intleacht shaorga rathú faoi dhálaí rialála coiteanna intuartha, tá sé ríthábhachtach go ndíreoidh na Ballstáit agus an tAontas araon ar chur chun feidhme éifeachtach an ghnímh. I bprionsabal, ba cheart dúinn taithí a fháil ar dtús maidir leis na rialacha cothrománacha nua sin a chur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-éifeacht sula bhféadfar aon reachtaíocht fhéideartha nua maidir leis an intleacht shaorga a mheas.

<u>Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin:</u>

- Deasc Freastail an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a sheoladh san Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga (mí Iúil 2025);
- Próiseas a sheoladh, mar chuid de chomhairliúchán poiblí na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, chun dúshláin rialála na bpáirtithe leasmhara a shainaithint agus chun bonn eolais a chur faoi bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus simpliú féideartha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga (mí Aibreáin 2025).

## 6. Conclúid

Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga borradh a chur faoi bheartais IS an Aontais agus dlús a chur leo trí **infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair ríomhaireachta IS mhórscála, rochtain ar shonraí a fheabhsú, dlús a chur le glacadh na hintleachta saorga in earnálacha straitéiseacha an Aontais, scileanna agus tallann IS a**

[53] COM(2025)47 – Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú
[54] Tháinig an Gníomh um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2024. Cuirfear i bhfeidhm é de réir a chéile go dtí an 2 Lúnasa 2027. Beidh feidhm ag na forálacha agus na toirmisc ghinearálta ón 2 Feabhra 2026 ar aghaidh agus ag na rialacha a bhaineann le rialachas agus samhlacha IS ilchuspóireacha ón 2 Lúnasa 2025 ar aghaidh. An cur i bhfeidhm ginearálta, lena gcumhdaítear na rialacha maidir le córais IS ardriosca, trédhearcacht agus bearta chun tacú leis an nuálaíocht, beidh feidhm aige ón 2 Lúnasa 2026 ar aghaidh. Na rialacha maidir le córais IS ardriosca a chumhdaítear leis an reachtaíocht táirgí atá ann cheana, beidh feidhm acusan ón 2 Lúnasa 2027 ar aghaidh.

**neartú, agus comhlíonadh agus simpliú rialála a chothú**. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ní mór d'institiúidí an Aontais, do rialtais, do chuideachtaí, do thaighdeoirí agus d'fhorbróirí oibriú le chéile, agus gealltanas a thabhairt go ndéanfaidh siad iarracht chomhpháirteach a thabharfaidh an comhar go dtí leibhéal nua. Go sonrach, oibreoidh an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga i ndlúthchomhar leis na Ballstáit trí bhíthin an Bhoird um an Intleacht Shaorga chun cur chuige beartais comhsheasmhach a áirithiú, agus na forbairtí teicneolaíochta dinimiciúla á gcur san áireamh.

Is dlúthchuid den straitéis í an **rannpháirtíocht idirnáisiúnta** arb é is aidhm di seasamh agus tionchar an Aontais i réimse na hintleachta saorga a neartú. Trí bhíthin rannpháirtíocht réamhghníomhach dhéthaobhach agus iltaobhach le tíortha comhpháirtíochta, féachann an tAontas le bheith chun tosaigh sna hiarrachtaí domhanda maidir leis an intleacht shaorga trí thacú leis an nuálaíocht, muinín a áirithiú le ráillí cosanta a chur i bhfeidhm, agus an rialachas domhanda maidir leis an intleacht shaorga a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach go rachaidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, le tíortha is iarrthóirí agus le tíortha is iarrthóirí ionchasacha chun forbairt na hintleachta saorga a chur chun cinn i bhfóraim iltaobhacha agus chun a áirithiú gur sábháilte, iontaofa agus duinelárnach a bheidh sí. Fiosróidh an tAontas a thuilleadh acmhainneacht a chomhpháirtíochtaí digiteacha agus a chomhair dhigitigh idirnáisiúnta ar mhaithe le cur chuige i leith na hintleachta saorga a chur chun cinn lena bhfeabhsaítear dea-bhail an duine agus dul chun cinn sochaíoch. Sa Teachtaireacht atá ar na bacáin maidir leis **an Straitéis Idirnáisiúnta um Cheannasacht Dhigiteach, Slándáil agus an Daonlathas** (R2 2025), leagfar amach a thuilleadh cur chuige idirnáisiúnta an Aontais.

Sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, tugtar le chéile sraith tionscnamh arb é is aidhm dóibh dlús a chur le gníomhaíocht beartais a bhfuil gá léi chun an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht in earnálacha na teicneolaíochta. Ach infheistíocht a dhéanamh i bpríomhréimsí amhail an intleacht shaorga, an ríomhaireacht chandamach agus dearadh sliseanna, is féidir leis an Eoraip a táirgiúlacht agus a hiomaíochas a fheabhsú, a ceannasacht teicneolaíochta a áirithiú, agus seirbhísí poiblí ardcháilíochta a sholáthar dá saoránaigh. **Is deis uathúil é seo don Eoraip gníomhú go tapa chun todhchaí na hintleachta saorga a mhúnlú agus chun todhchaí níos fearr a chruthú do mhuintir uile na hEorpa, agus i ndeireadh na dála teacht in inmhe mar Mhór-Roinn na hIntleachta Saorga atá ar thús cadhnaíochta.**